# Tuairisc ar Pholasaithe Phleanáil na Tithíochta i gCeantracha na Gaeltachta

## Meán Fhómhair 2020

**Doyle Kent Planning Partnership Ltd.**
**71 Ascaill Charysfort**
**An Charraig Dhubh**
**Co. BhÁC**
**www.doylekent.com**
**info@doylekent.com**

Clár an Ábhair

RÉAMHRÁ ..... 1

ORD agus STRUCHTÚR na PLEANÁLA ..... 1

CREATLACH NÁISIÚNTA na PLEANÁLA (CNP) ..... 3

TREOIRLÍNTE d'ÚDARÁIS na PLEANÁLA fén dTITHÍOCHT INBHUANAITHE fén dTUATH ..... 5

STRAITÉISÍ RÉIGIÚNACHA SPÁSÚLA agus EACNAMAÍOCHTA ..... 8

PLEANANNA FORBARTHA na gCONTAEITHE ..... 10

CONTAE PHORT LÁIRGE ..... 11
CONTAE CHORCAÍ ..... 13
CONTAE CHIARRAÍ ..... 17
CONTAE NA GAILLIMHE ..... 22
CONTAE MHAIGH EO ..... 26
CONTAE DHÚN NA NGALL ..... 28
CONTAE NA MÍ ..... 33

DLÍ AONTAS na hEORPA agus a THIONCHAR ar PHOLASAITHE na hÉIREANN ..... 40

CONCLÚIDÍ ..... 43

*Nóta ón aistritheoir: Tá ladhar mhaith sleachta sa tuairisc seo tógtha go díreach ó cháipéisí éagsúla, ar nós achtanna dlí, pleananna forbartha na gcontaeithe, srl. Tá "comharthaí athfhriotail" timpeall ar na sleachta san go léir anso istigh. Sa chás is go raibh na cáipéisí sin aistrithe go Gaeilge cheana, sé an leagan san a úsáideadh anso, agus marcáladh na sleachta san leis an gcló iodálach. Sa chás ná raibh, deineadh aistriúchán orthu; tá comharthaí athfhriotail ar na sleachta san, ach níl an cló iodálach orthu.*

## Réamhrá

Is amuigh fén dtuath atá formhór na gceantracha a aithnítear mar Ghaeltachtaí, go háirithe ar chósta thiar na hÉireann agus ar chuid de na hoileáin amach ón gcósta san. Tá leibhéil éagsúla ceangailteachta ag na ceantracha san leis na hionaid seirbhísí is giorra dhóibh; i gcásanna áirithe, ar nós Daingean Uí Chúis, tá ionad seirbhísí istigh sa cheantar féin. (Eisceacht suaithinseach is ea an chuid sin den nGaeltacht atá ionchorpraithe mar chuid de Chathair na Gaillimhe anois.) Tá tionchar tábhachtach ag polasaithe na pleanála fé úsáid na talún ar cheantracha na Gaeltachta, fé mar atá aige ar gach ceantar tuaithe, go háirithe polasaí na tithíochta. Sa tuairisc seo, tá léargas ar pholasaí phleanáil na tithíochta ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnda, agus ar an leibhéal aitiúil, agus tá tagairtí áirithe ann de chúrsaí i ndlí Aontas na hEorpa; pléitear chomh maith an polasaí maidir leis an nGaeltacht, fé mar a leagtar amach é i bpleananna forbartha na gcontaeithe ábharacha.

## Ord agus Struchtúr na Pleanála

Sé an *An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000*, mar a leasaíodh go minic ó shin é, príomh-údarás na reachtaíochta do phleanáil úsáid na talún i nÉirinn. Tá an méid seo leanas le tabhairt fé ndeara i Mír 10(2)(m) den Acht, liostáilte i measc na gcuspóirí atá le tabhairt san áireamh i n-aon Phlean Forbartha:

> *"[O]idhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint, lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail, i gcás ina mbeidh limistéar Gaeltachta i limistéar an phlean forbartha."*

Is i *gCreatlach Náisiúnta na Pleanála* (CNP), ón mbliain 2018, a leagtar amach go príomhdha polasaí náisiúnta na pleanála mar atá sé fé láthair. Laistíos den CNP, tá na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíochta (SRSE-anna), a foilsíodh le déanaí don trí cheantar pleanála sa tír (Réigiún an Oirthir is Lár na Tíre, Réigiún an Deiscirt, agus Réigiún an Tuaiscirt is an Iarthair). Siad Pleananna Forbartha na gContaeithe an tsraith fé bhun na SRSE-anna, ach is mó an cumhacht reachtúil atá leo, agus siad na pleananna is mó iad go bhfuil tionchar acu ar thionscnaimhí indibhidiúla, an tithíocht san áireamh. Laistíos de Phleananna na gContaeithe, tá sraith eile de phleananna ann, Pleananna na gCeantracha Áitiúla, go bhféadfadh tábhacht ar leithrigh a bheith acu d'ábhar na tuairisce seo.

De bharra na leasaithe a cuireadh ar an *Acht Um Pleanáil agus Forbairt* sa bhliain 2018, tugadh fuaimint laidir reachtaíochta do *Chreatlach Náisiúnta na Pleanála* (an CNP) agus do na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíochta (SRSE). Tháinig athrú tábhachtach eile sa bhliain 2010, nuair a tugadh coincheap nua isteach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, go mbeadh "*Croí-Straitéis*" ag gach plean forbartha. I Mír 10(2A) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (mar a leasaíodh é), leagtar síos na nithe atá le tabhairt san áireamh sa Chroí-Straitéis, agus ina measc, inter alia, tá siad so leanas:

*(f) "[I] leith limistéir plean forbartha comhairle contae, ordlathas lonnaíochta a leagan amach agus mionsonraí a thabhairt i dtaobh na nithe seo a leanas—*

- *(i) cibé acu atá cathair nó baile dá dtagraítear san ordlathas sannaithe mar thairseach nó mar mhol chun críocha na Straitéise Spáis Náisiúnta,*
- *(ii) bailte eile dá dtagraítear san ordlathas,*
- *(iii) aon bheartais nó cuspóirí de chuid an Rialtais nó aon Aire den Rialtas de thuras na huaire i ndáil le spriocanna daonra náisiúnta agus réigiúnacha a bhaineann le bailte agus le cathracha dá dtagraítear san ordlathas,*
- *(iv) aon bheartais nó cuspóirí de chuid an Rialtais nó aon Aire den Rialtas de thuras na huaire i ndáil le spriocanna daonra náisiúnta agus réigiúnacha a bhaineann leis na limistéir nó leis na haicmí limistéar nach bhfuil ar áireamh san ordlathas,*
- *(v) fás daonra réamh-mheasta bailte agus cathracha atá san ordlathas,*
- *(vi) an daonra comhiomlán réamh-mheasta, seachas an daonra dá dtagraítear i bhfomhír (v)—*
  - *(I) i sráidbhailte agus i mbailte beaga ar lú ná 1,500 duine an daonra iontu, agus*
  - *(II) faoin tuath lasmuigh de shráidbhaile agus bailte"*

Tá oibleagáid ar na húdaráis ábharacha ag gach leibhéal de struchtúr na pleanála féachaint chuige go dtagann a bpleananna féin leis an méid a leagtar síos ar an leibhéal lastuas dóibh. Do réir Mhír a 10 den Acht (mar a leasaíodh é), caithfidh polasaithe na bpleananna a fhorbródh na húdaráis áitiúla réiteacht, oiread agus is féidir go praiticiúil, leis na cuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha a leagtar síos i g*Creatlach Náisiúnta na Pleanála* agus sna SRSE-anna, agus chomh maith leis sin, le haon riachtanaisí ar leith i bpolasaí na pleanála a leagfaí síos i dtreoirlínte an Aire, fé bhun *fo-mhír (1) de mhír 28* den Acht.

I measc na dtreoirlínte iomadúla atá eisithe ag an Aire a thagann fé réir Mhír a 10 den Acht, tá na *Treoirlínte d'Údaráis na Pleanála fén dTithíocht Inbhuanaithe fén dTuath*, a d'fhoilsigh an Rialtas sa bhliain 2005, ach atá á aithbhreithniú anois (a thuilleadh anso thíos).

## Creatlach Náisiúnta na Pleanála (CNP)

Is cáipéis uileghabhálach polasaí ar leibhéal árd é Creatlach Náisiúnta na Pleanála, a ghlac an Rialtas sa bhliain 2018. Go ginearálta, sé a chuireann sé roimis ná fás na lonnaíochtaí a chothú go dlúite agus go hinbhuanaithe. Le Cuspóir Náisiúnta Polasaí 3a (CNP 3a), leagtar amach polasaí chun ar a laghad 40% de na tithe nua go léir ag an leibhéal náisiúnta a bheith laistigh de na limistéirí atá fé fhoirgintí tógtha cheana.

Maidir le forbairt na tuaithe go ginearálta, leagtar síos roinnt cuspóirí i Mír 2.2 den CNP, iad so leanas san áireamh:

- *"Tacaíocht d'fhás inbhuanaithe na bpobal tuaithe, agus don fhorbairt i limistéir tuaithe.*
- *Cur chuige dea-phleanáilte a chur chun feidhme, faoi threoir na n-údarás áitiúil, chun fíor-riachtanais tithíochta faoin tuath a aithint, freastal orthu agus iad a bhainistiú."*

Baineann Mír 5.3 den CNP go sonraitheach leis an bpleanáil fén dtuath, forbairt na mbailte móra is beaga amuigh fén dtuath san áireamh. Sé atá i gceist le CNP 18a ná tacú le fás na mbailte amuigh fén dtuath, agus le CNP 18b ná clár a fhorbairt do thithe nua i mbailte beaga, chun go gcuirfí suíomhanna le seirbhísí ar fáil chun gur ina leithéid d'áiteanna a thógfadh daoine tithe dhóibh féin.

Mar sin féin, aithníonn an CNP go bhfuil gá leanúnach le tithe chun go mbeadh daoine ag maireachtaint agus ag obair amuigh fén dtuath i nÉirinn. Chuige seo, tá **CNP 19** ann chun féachaint chuige go ndéanfaí idirdhealú, faid is a bheadh soláthar á dhéanamh chun tithíocht a fhorbairt fén dtuath, idir **na ceantracha fé thionchar na cathrach**, sé sin le rá, na limistéirí timpeall ar na bailte móra is ar na cathracha is ar ionaid na fostaíochta mar a mbíonn daoine ag maireachtaint faid is a bhíonn siad ag taisteal isteach sa chathair chun oibre, ar thaobh amháin, agus áiteanna eile ar an dtaobh eile. Mar a luaitear ann:

*(i)* *"I **limistéir thuaithe faoi thionchar uirbeach**, chun soláthar tithíochta aonad aonair a éascú sa cheantar tuaithe bunaithe ar an bpríomhbhreithniú maidir le gá eacnamaíoch nó sóisialta follasach le cónaí i limistéar tuaithe agus critéir láithreánaithe agus dearaidh ábhartha maidir le tithíocht tuaithe i dtreoirlínte agus pleananna reachtúla, agus aird á tabhairt ar inmharthanacht na mbailte níos lú agus na lonnaíochtaí tuaithe;*

*(ii)* *I **limistéir thuaithe in áiteanna [eile]**, soláthar tithíochta aonad aonair a éascú sa cheantar tuaithe bunaithe ar chritéir láithreánaithe agus dearaidh ábhartha maidir le tithíocht tuaithe i dtreoirlínte agus pleananna reachtúla, agus aird á tabhairt ar inmharthanacht na mbailte níos lú agus na lonnaíochtaí tuaithe."*

Maidir leis an méid sin, do réir an CNP, ag an leibhéal áitiúil, is fé **chroí-straitéis** phleananna forbartha na gcontaeithe a láimhseálfar an t-éileamh ar thithe aonair amuigh fén dtuath. Déanfar é sin do réir an chur chuige ginearálta a bheidh ag an údarás áitiúil féna *Mheasúnacht ar Éileamh ar Riachtanaisí Tithíochta*, measúnacht a bheidh éigeantach sa phleanáil san am atá romhainn. Má cuirtear figiúirí, bunaithe ar an bhfianaise, ar an riachtanas atá le tithe aonair, cabhróidh sé sin le ullmhúchán straitéis uileghabhálach don dtithíocht agus le ullmhúchán polasaithe ábharacha eile fé úsáid na talún.

Leagann an CNP síos ladhar pholasaithe a thagraíonn go sainiúil do cheantracha na Gaeltachta, CNP 29 san áireamh:

> *"Tacaíocht [a thabhairt do] chur chun feidhme pleananna teanga i Limistéir Phleanála Teanga Gaeltachta, Baile Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí don Ghaeilge."*[1]

[1] D'fhéadfadh scóp a bheith ann do shinéirgithe idir phleanáil teangan, mar a luaitear é i nAcht na Gaeltachta, 2012, agus pleanáil úsáid na talún. Mar a leagtar amach i *Straitréis 20 Bliain na Gaeilge*, tá rún luaite ag Roinn na Tithíochta, na Pleanála, agus an Rialtas Áitiúil chun treoracha cuimsitheacha pleanála a ullmhú, agus chun seirbhísí roinnte a fhorbairt i réimse na pleanála. Beidh an stádas céanna ag pleananna na nGaeltachtaí is a bheidh ag pleananna na mbailte, agus sé an t-údarás ábharach áitiúil a cheadóidh iad, mar aon le údarás nua atá á mholadh don nGaeltacht.

## Treoirlínte d'Údaráis na Pleanála fén dTithíocht Inbhuanaithe fén dTuath

Sa bhliain 2005, d'eisigh an tAire a bhí ar Roinn na Timpeallachta, na hOidhreachta, agus an Rialtas Áitiúil ag an am *Na Treoirlínte d'Údaráis na Pleanála fén dTithíocht Inbhuanaithe fén dTuath*. Do chuir údaráis éagsúla na pleanála forálacha na *dTreoirlínte* sin i bhfeidhm ina gcuid pleananna forbartha, agus tá siad fós i bhfeidhm, i n-ainneoin imeacht an ama agus na forbairtí atá tárlaithe ó shin i gcúrsaí polasaí. Tá cúpla gné ar leith de na *Treoirlínte* nár chás a lua anso. Sa chéad áit, tá idirdhealú le déanamh dá réir i bhfábhar le grúpaí áirithe daoine nuair a dheonfaí cead pleanála ar thithíocht i gceantracha áirithe amuigh fén dtuath. Sa tarna áit, tá an coincheap ann go roinnfí an tuath i nÉirinn ar cheithre chatagóir nóiseanúla maidir le forbairtí tithíochta amuigh fén dtuath. Siad so leanas na catagóirí sin, mar a cuirtear síos sna *Treoirlínte* orthu:

1. **Ceantracha fén dtuath fé Thionchar Láidir na Cathrach.** Tá na ceantracha so i ngiorracht do na cathracha is do na bailte móra, nó laistigh den gceantar as a mbíonn daoine ag taisteal isteach is amach an chathair chun oibre; tá an daonra iontu ag éirí go tapaidh; tá fianaise ar bhrú láidir a bheith orthu go dtógfaí tithíocht toisc iad a bheith gairid do cheantracha na gcathrach, nó do bhealaí móra taistil a sholáthraíonn teacht saoráideach ar an gcathair; agus tá brú ar an infreastruchtúr iontu, ar nós gréasán áitiúil na mbóithre.

2. **Ceantracha Láidre fén dTuath**. Sna ceantracha so, tá leibhéal an daonra cuíosach seasmhach, agus tá struchtúr dea-fhobartha de bhailte agus de shráidbhailte de cheantar leathan tuaithe timpeall orthu. Mar bhonn fén seasmhacht san, tá struchtúr láidir eacnamaíochta bunaithe ar an bhfeirmeoireacht traidisiúnta, agus níl ach leibhéal íseal d'fhorbairt tithe aonair iontu, agus é sin teorannaithe do limistéirí áirithe.

3. **Ceantracha fén dTuath atá Lag go Struchtúrtha**. Sna ceantracha so, tá titim leanúnach substaintiúil i leibhéal an daonra, agus struchtúr lag eacnamaíochta, bunaithe ar shlata tomhais ar nós an teacht isteach, an fhostaíocht, agus fás na heacnamaíochta.

4. **Ceantracha le Lonnaíochtaí Cnuasaithe**. Tá na ceantracha so ar fáil ar chósta thiar na tíre i gContae Dhún na nGall, i gContae Mhaigh Eo, i gContae na Gaillimhe, i gContae an Chláir, agus i n-áiteanna i gContae Chiarraí, cuid mhaith den

> nGaeltacht san áireamh; is áiteanna iad ná fuil ar fáil iontu ach líon beag bailte nó lonnaíochtaí cosúil le bailte i gcomparáid le háiteanna eile fén dtuath. Ina ionad san, is gnáthaí sna ceantracha so go mbíonn grúpaí de thithe cruinnithe le chéile, nó cnuasach de na grúpaí sin, nó forbairtí ar fad líne.

Deintear idirdhealú sna *Treoracha* idir an éileamh ar an dtithíocht fén dtuath a eascraíonn as an gcathair (.i. fuílleach na gcathrach ag cur thar maoil, mar a cítear é timpeall ar na cathracha is ar na bailte móra), ar thaobh amháin, agus an t-éileamh ar an dtithíocht fén dtuath a eascraíonn as pobail na tuaithe féin. Go bunúsach, moltar sna *Treoracha* go mbeadh athrú céimniúil i ndéine an mheasúnú a dhéanfaí ar an "ngá" a bheadh ag iarrthóirí le tigh i gceantar tuaithe, leis na crítéirí is déine sna Ceantracha fén dTuath fé Thionchar Láidir na Cathrach agus na crítéirí is boige sna Ceantracha atá Lag go Struchtúrtha. I gcás an ghrúpa lag úd, luaitear sna *Treoracha* gur cheart d'údaráis na pleanála "freastal ar aon éileamh ar thithíocht bhuan chónaitheach a thiocfadh isteach, fé réir ag nithe ar nós an dearthóireacht, an suíomh, agus cosaint a thabhairt d'aon tírdhreach tábhachtach nó d'aon limistéir a bheadh leochaileach ó thaobh na timpeallachta de."

I gceantracha eile, go háirithe sna ceantracha fé thionchar láidir na cathrach, nó sna ceantracha "láidre" fén dtuath, molann na *Treoracha* catagóirí éagsúla den "ngá" a bheadh ag daoine éagsúla ar thigh ina leithéid de dhúthaigh tuaithe, e.g. "daoine ag obair go lán-aimseartha nó go páirt-aimseartha i gceantracha tuaithe" nó "daoine gur dlúth-chuid den bpobal tuaithe iad". Is mar seo leanas a mínítear an catagóir deireannach san:

> "Bheadh a leithéid sin de dhaoine tar éis codanna substaintiúla dá saol a chaitheamh ag maireachtaint i gceantracha tuaithe, mar bhaill de phobal seana-bhunaithe an cheantair. Mar shampla, bheadh feirmeoirí, a gclann mhac is iníon, nó éinne ag tógaint úinéireacht agus reachtáil na feirme ar láimh, chomh maith le daoine a chaith formhór a saoil i gceantracha tuaithe agus go bhfuil tigh á thógaint don gcéad uair acu. I measc na samplaí den sórt san daoine, bheadh clann mhac is iníon le daoine ag maireachtaint i gceantracha tuaithe agus atá b'fhéidir ag súil le tigh a thógaint dóibh féin gairid d'áit chónaithe a muintire.
>
> Ba cheart freastal chomh maith ar dhaoine a bheadh ag filleadh ar an gceantar tar éis dóibh codanna substaintiúla dá saol a chaitheamh ann, ach a bhog amach as, agus go dteastaíonn uathu anois filleadh chun cónaí a dhéanamh gairid dá muintir is dá ngaolta,

nó chun oibriú go háitiúil, nó chun aire a thabhairt dá muintir is iad ag dul san aois, nó chun maireachtaint ann tar éis dóibh éirí as."

Maidir leis na "Ceantracha le Lonnaíochtaí Cnuasaithe", tá an méid seo leanas istigh sna *Treoracha*:

> "Sé an phríomh-chuspóir ba cheart a bheith ag plean forbraíochta do na ceantracha so ná tacú le caomhnú daonra beomhar tuaithe, ag tabhairt san áireamh cothabháil sláine agus inmharthanacht na seirbhísí agus na n-áiseanna riachtanacha, faid is a chosnófaí acmhainní luachmhara ar nós caighdeán na dtírdhreacha tábhachtacha agus an oidhreacht nádúrtha agus cultúrtha, sláine teangan na Gaeltachta san áireamh. I bpáirt leis an gcuspóir sin, ba cheart go gcuirfeadh an plean an méid seo leanas roimhe:
>
> - Deifnidiú a dhéanamh ar fhairsinge na gcnuasach agus na ngrúpaí de thithe aonair a tuigtear d'údarás na pleanála a bheith oiriúnach chun na beárnaí idir na forbairtí a líonadh isteach agus a chomhdhlúthú;
> - Idirdhealú a dhéanamh, ag baint úsáide as mapaí agus as pleananna áitiúla, idir forbairtí a líonfadh isteach na beárnaí i limistéirí le traidisiún d'fhorbairtí ar fad líne leis na glúinte anuas agus limistéirí le fobairtí nua "ribíneacha";
> - Gnéithe de thírdhreacha tábhachtacha agus de nithe de thábhacht nádúrtha nó cultúrtha a aithint, gur ceart d'aon fhorbairtí nua a thabhairt san áireamh go cáiréiseach; agus
> - **An éifeacht a bheadh ag forbairtí nua sa Ghaeltacht ar bheatha, ar úsáid, agus ar chothú na teangan mar ghnáth-mheán an chumarsáid laethúil a thabhairt san áireamh go speisialta.**"

Moltar chomh maith sna *Treoracha* go mbainfí úsáid as "coinníollacha áitíochta", chun ná beadh cead ag an iarrthóir an tigh nua fén dtuath a dhíol go ceann seacht mbliana, chun laghdú a dhéanamh ar an mbaol go mbeadh tithíocht á fhorbairt ar bhonn fionntraíochta.

Sna *Treoirlínte d'Údaráis na Pleanála fén dTithíocht Inbhuanaithe fén dTuath*, teorannaítear go suaithinseach an chomhairle a luaitear anso thuas le tagairtí d'fhorálacha sonraitheacha forórdaitheacha maidir leis an ngá atá le cosaint a thabhairt don dtírdhreach agus don oidhreacht nádúrtha agus cultúrtha, agus don sláinte is don sábháilteacht chomh maith.

## Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíochta

Le déanaí, deineadh trí roinnt ar an stát maidir le cuspóirí pleanála; laghdú ab ea é seo, mar bhíodh ocht roinnt air. Sa bhliain 2019, foilsíodh *Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta* (SRSE) do gach ceann den trí cheantar nua (Réigiún an Oirthir is Lár na Tíre; Réigiún an Deiscirt; agus Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair). Is ráitisí straitéiseacha polasaí ar leibhéal árd iad na cáipéisí seo; tá siad níos sonraithí ná an CNP, ach is lú i bhfad na sonraí atá iontu ná mar a bhíonn i bpleananna forbartha na gcontaeithe.

Caithfidh SRSE-anna teacht leis an CNP, agus léiríonn siad an cur chuige ginearálta don bpleanáil atá ar fáil sa CNP, an tithíocht fén dtuath san áireamh. Tá cosúlacht go ginearálta idir na cáipéisí éagsúla SRSE: leagann na trí cinn acu béim láidir ar smacht a choimeád ar straoilleadh na gcathrach, .i. leathnú bhruach-bhailte na gcathracha móra (BÁC, Corcaigh, Gaillimh, etc.) isteach sna ceantracha tuaithe taobh leo. Baintear úsáid anso as an gcur chuige céanna ina roinntear an tír ar cheantracha urbacha, ceantracha tuaithe fé thionchar láidir na cathrach, ceantracha "láidre" fén dtuath, agus ceantracha laga fén dtuath, cé go bhfuil an bhéim sa scéim sin beagáinín éagsúil i gcás an SRSE do Réigiún an Tuaiscirt is an Iarthair. Ins gach ceann de na trí cinn de SRSE-anna, moltar ath-bheoú bhailte beaga na tuaithe, le forbairt suíomhanna le seirbhísí ina leithéid de lonnaíochtaí san áireamh, rud a fhéadfadh a mhalairt de réiteacht a chur ar fáil do dhaoine seachas tithe aonair amuigh fén dtuath.

Anso leanas tá grúpa tipiciúil de ráitisí polasaí, Cuspóir Pholasaí an Réigiúin Uimhir a 27 (CPR 27), ó SRSE Réigiún an Deiscirt:

> "Chun tacaíocht a thabhairt do phobail agus d'eacnamaíochtaí tuaithe, **trí pholasaí fén dtithíocht inbhuanaithe amuigh fén dtuath a chur i bhfeidhm** sa Réigiún, a dhéanfadh **idirdhealú idir cheantracha fé thionchar na cathrach agus ceantracha tuaithe eile** trí chur i bhfeidhm **Chuspóir Náisiúnta Polasaí 19** maidir le "Croí-Straitéisí" Phleananna Forbartha na gContaeithe de chuid na nÚdarás Áitiúla.
>
> Déanfaidh na húdaráis áitiúla an méid seo leanas:
>
> ***1.*** Polasaithe a chothú chun inmharthanacht na mbailte beaga agus na lonnaíochtaí tuaithe a chosaint mar phriaireacht rí-thábhachtach ina bpleananna forbartha;

2. Riar a dhéanamh ar inmharthanacht na mbailte beaga agus na lonnaíochtaí tuaithe; Ainmneoidh na Croí-Straitéisí **limistéirí fé thionchar na cathrach** agus leagfaidh siad síos polasaí oiriúnach dóibh maidir leis an dtithíocht inbhuanaithe amuigh fén dtuath, polasaí a dhéanfaidh **áisitheoireacht ar sholáthar thithe aonair fén dtuath bunaithe ar an gcoinníoll tábhachtach go léireofaí gá eacnamaíochta, gá sóisialta, nó gá eisceachtúil áitiúil chun maireachtaint i gceantar tuaithe**, agus ag leagadh síos crítéirí fén suíomh, fén dtimpeallacht, agus fén ndearthóireacht do thithíocht na tuaithe sna treoirlínte agus sna pleananna reachtúla;
3. Riar a dhéanamh ar inmharthanacht na mbailte beaga agus na lonnaíochtaí tuaithe, **i n-áiteanna eile fén dtuath; áisitheoireacht a dhéanamh ar sholáthar inbhuanaithe thithe aonair fén dtuath** bunaithe ar chrítéirí fén suíomh agus fén ndearthóireacht do thithíocht na tuaithe sna treoirlínte agus sna pleananna reachtúla;
4. Soláthar a dhéanamh don so-lúbthacht sa zónáil agus sna rialacha dlúis chun **féachaint chuige go mbíonn féidearthachtaí mealltacha ann don dtithíocht sna bailte tuaithe a fhorbrófaí go saoráideach**."

Ní líonmhar iad na polasaithe sainiúla tithíochta atá i gcáipéisí na SRSE-anna do cheantracha na Gaeltachta, cé go leagann gach SRSE béim ar leithrigh ar thábhacht na Gaeltachta ina réigiún féin. Tá CPR 3.12 ar fáil i nSRSE Réigiún an Tuaiscirt is an Iarthair, mar shampla:

> *"Laistigh de Limistéir Ghaeltachta agus de Bhailte Gaeltachta, go háirithe, cuirfear béim ar thionchair na bhforbairtí molta agus **ar a dtionchar ar an bpobal teanga** chomh maith le béim ar a líonraí sóisialaithe a chothabháil agus a fhorbairt."*

Tugann gach SRSE tacaíocht "[do] chur i bhfeidhm na bpleananna teanga do Ghaeltachtaí an Réigiúin agus d'aithint Bhailte Seirbhísí na Gaeltachta agus Líonraí na Gaeilge sa Réigiún".[2] Téann SRSE Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair níos sia nó go n-áitíonn sé go mbeadh "*gach Plean Forbartha agus Plean Ceantair Áitiúil ag teacht leis na Pleananna Gaeilge, nuair is infheidhme".*[3]

[2] SRSE Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre, RPO 9.28
[3] SRSE Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, RPO 5.12

### Pleananna Forbartha na gContaeithe

Is athrú suaithinseach é an CNP nua, agus na SRSE-anna a lean é, i bpolasaithe agus i struchtúirí na pleanála ag an leibhéal réigiúnda agus ag an leibhéal náisiúnta. Beidh sé de riachtanas feasta ar phleananna forbartha na gcontaeithe go léir go dtiocfaidís leis na pleananna ar an leibhéal is airde ná iad. Tá próiséas ar siúl ar fuaid an Stáit cheana féinig chun aithbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna forbartha. Tá oifig nua curtha ar bun, *Oifig Rialathóir na Pleanála*, agus beidh ról aige sin ag cur comhairle ar an Aire chun féachaint chuige go mbeadh an chomhsheasmhacht san ann.

Maidir leis na lonnaíochtaí tuaithe, don gcuid is mó, léiríonn pleananna forbartha na gcontaeithe na forálacha atá sna *Treoirlínte d'Údaráis na Pleanála fén dTithíocht Inbhuanaithe fén dTuath* ón mbliain 2005. Mar a luadh anso thuas, éilíonn na *Treoracha* ar gach údarás áitiúil an ceantar féna chúram a roinnt ar a trí nó ar a ceathair de shórtanna maidir le measúnú na n-iarrataisí ar an dtithíocht fén dtuath. Moladh leibhéil éagsúla de shrianta sna *Treoracha* maidir le tithíocht tuaithe sna sórtanna éagsúla limstéirí, le tús áite á thabhairt do dhaoine go bhfuil ceangal acu leis an áit agus gá acu le tigh.

Tá seacht gcinn de Chontaeithe sa Stát le ceantracha Gaeltachta iontu; sin iad Dún na nGall, Maigh Eo, an Ghaillimh, Ciarraí, Corcaigh, Port Láirge, agus an Mhí. Tá éagsúlachtaí móra eatarthu ina ndaonra agus i neart na Gaeilge iontu, cé go ndealraíonn sé go bhfuil an teanga fé bhrú ins gach áit. Sna codanna so leanas don dtuairisc seo, caitear súil ar pholasaithe na bpleananna forbartha ag gach ceann de na contaeithe le ceantar Gaeltachta iontu, maidir lena bpolasaí fé thithíocht na tuaithe agus maidir lena bpolasaí fé cheantracha na Gaeltachta.

## Contae Phort Láirge

Deineadh cónascadh ar Chathair agus ar Chontae Phort Láirge sa bhliain 2014. Siad so leanas na pleananna forbartha don limistéir go léir atá fé chúram an Chomhairle cónasctha: *Plean Forbartha Chathair Phort Láirge 2013 – 2019; Plean Forbartha Chontae Phort Láirge 2011 – 2017;* & *Plean Forbartha Bhaile Dhún Garbhán 2012* – 2018. Tá na pleananna san fós i bhfeidhm, agus beidh go dtí go nglacfar le plean nua don gContae agus don gCathair sa bhliain 2022.

I *bPlean Forbartha Chontae Phort Láirge 2011 – 2017*, tá an ghnáth-roinnt ó na *Treoracha* ar fáil, idir cheantracha laga, ceantracha láidre, agus ceantracha fé thionchar na cathrach. Níl ach ceantar Gaeltachta amháin ann, Rinn Ó gCuanach, agus tá sé sin sa chatagóir atá fé thionchar na cathrach. I bpolasaí fé thithíocht na tuaithe sa Phlean Forbartha, deintear iarracht na tithe nua cónaithe fén dtuath a theorannú dóibh siúd le fíor-ghá le tigh sa cheantar ábharach. Do réir an Daonáirimh, dob é 1,738 daonra an cheantair sa bhliain 2016, agus do léirigh sé fás le blianta beaga anuas.


Do réir mhír 9.9 de *Phlean Forbartha Chontae Phort Láirge 2011 – 2017*, tugann an t-údarás áitiúil coimitmint uathu chun stop a chur le lagú timpeallacht speisialta na teangan agus an chultúir i nGaeltacht na Rinne de dheascaibh daoine ná labhrann an teanga a bheith ag plódú isteach ann. Luaitear ann go ngéilleann pobal labhartha na Gaeilge don mbrú a dteanga a athrú nuair a thiteann cuid an daonra a labhrann an teanga go gníomhach fé bhun 67%. Luaitear i bPlean Forbartha an Chontae go bhfuil líon chainteoirí gníomhacha na Gaeilge sa Rinn os cionn an leibhéil sin.[4]

Luaitear sa Phlean Forbartha chomh maith go bhfuil méadú ag teacht ar an mbrú chun tithíocht aonair a thógaint sa Ghaeltacht, agus geallann Údarás na Pleanála go bhforbróidís polasaithe gníomhacha a thabharfadh cosaint don gceantar ón bhforbairt gan gá is gan tuiscint. Mar chuid d'aon iarratas ar chead pleanála, d'fhéadfadh Údarás na Pleanála *Ráiteas Tionchar Teangan* a éileamh, a léireodh an tslí a thabharfadh an fhorbairt atá san iarratas tacaíocht do chaomhnú charachtaer na Gaeltachta. Ina theannta san, ceanglóidh Údarás na Pleanála coinníoll teangan don gcead d'aon fhorbairtí de thithíocht phríobháideach, mar is gá, chun féachaint chuige go dteorannófaí 60% den eilimint iomlán cónaitheach do dhaoine a léireodh cumas réasúnta sa Ghaeilge d'Údarás na Pleanála.


[4] Do réir Daonáireamh 2016, do bhí tuairim is an ceathrú cuid don ndaonra ag labhairt na Gaeilge go laethúil.

Tá pleananna gonta ann do na trí lonnaíochtaí laistigh de Ghaeltacht na Rinne, agus tá an ráiteas so leanas ar fáil ins gach plean acu:

> "Cuspóir de chuid na Comhairle is ea é oidhreacht theanga na Gaeltachta a chosaint agus a chothú trí choinníollacha áitíochta a theorannódh díolachán nó áitíocht na dtithe dóibh siúd a léireodh cumas réasúnta sa Ghaeilge, nó do dhaoine gurb as an nGaeltacht ó dhúchas dóibh."




*Na Sórtanna de Cheantracha na Tuaithe i gContae Phort Láirge*




## Contae Chorcaí

Tá Plean Forbartha Chontae Chorcaí 2014-2020 fós i bhfeidhm fé láthair, ach cuireadh tús leis na coiscéimeanna tosaigh de phróiséas aithbhreithnithe chun Plean Forbartha nua a fhorbairt go luath sa bhliain 2020. Tá cur chuige sofaisticiúil glactha chuige ag an gComhairle Chontae sa phlean atá i bhfeidhm fé láthair maidir le ceist thithíocht na tuaithe, ina bhfuil liosta na sórtanna limistéirí don dtithíocht leathnaithe amach thairis an réimse a leagadh síos sna *Treoirlínte d'Údaráis na Pleanála fén dTithíocht Inbhuanaithe fén dTuath.* Tá sé cinn de shórtanna i bPlean Forbartha Chontae Chorcaí, agus tá ceantracha Gaeltachta ar fáil laistigh de dhá cheann acu, ceann ar a dtugtar *Limistéir na Turasóireachta agus Éagsúlú na Tuaithe* agus ceann eile, *Limistéir Athraitheach fén dTuath*.

Tá Oileán Chléire istigh i gceann de *Limistéirí na Turasóireachta agus Éagsúlú na Tuaithe*. An cur síos atá i Mír 4.3.7 den bPlean Forbartha ar an gcuid sin de *Limistéir na Turasóireachta agus Éagsúlú na Tuaithe* atá amuigh fén dtuath nó ar an gcósta i gContae Chorcaí ná go bhfuil sé i bhfad ó na cathracha móra, agus ón mbrú ar an dtithíocht a eascraíonn as na cathracha, ach fós fé bhrú nach beag maidir le tithíocht tuaithe, go háirithe d'fhorbairtí tithe saoire. Tá coibhneas na dtithe folamha i *Limistéirí na Turasóireachta agus Éagsúlú na Tuaithe* os cionn an mheáin, agus tá fianaise ann go bhfuil an daonra sna háiteanna san cuíosach seasmhach i gcomparáid le limistéirí laga sa Chontae. Is airde leibhéal leochaileacht na timpeallachta i *Limistéirí na Turasóireachta agus Éagsúlú na Tuaithe*, agus is laige struchtúr na heacnamaíochta, agus tá deiseanna substaintiúla ann don dturasóireacht agus don éagsúlú fén dtuath.

Tá Gaeltacht Mhúscraí istigh sa *Limistéir Athraitheach fén dTuath*, agus mar a deintear cur síos air i Mír 4.3.9 den bPlean, tá sé amuigh fén dtuath, i bhfad ón gcósta, agus i bhfad ó na cathracha móra, agus dá réir, ón mbrú tithíochta a eascraíonn as na cathracha. Tá dlús an daonra íseal, ach is lú an fhianaise go bhfuil an daonra ag laghdú ann ná mar atá i n-áiteanna eile sa Chontae. Léiríonn an ceantar na tréithe a bhaineann le struchtúr lag eacnamaíochta, agus tá leibhéal árd leochaileacht ag an dtimpeallacht ann.

Sa dá limistéir seo araon, *Limistéir na Turasóireachta agus Éagsúlú na Tuaithe* agus *an Limistéir Athraitheach fén dTuath*, chun freastal ar fhíor-riachtanaisí tithíochta an phobail, a eascraíonn ó phobal na tuaithe féin, caithfidh na hiarrthóirí a léiriú go mbaineann siad le ceann de na catagóirí seo leanas de ghá tithíochta:




*Na Sórtanna de Cheantracha*
*na Tuaithe i gContae Chorcaí*

a. "Feirmeoirí, agus a gclann mhac is iníon, go dteastaíonn uathu tigh a thógaint don gcéad uair chun go mairfidís go buan ann ar fheirm a muintire.

b. Daoine ag tógaint úinéireacht agus reachtáil feirme ar láimh ar bhonn lán-aimseartha, go dteastaíonn uathu tigh a thógaint don gcéad uair ar an bhfeirm chun go mairfidís go buan ann, sa chás is ná fuil aon tigh ar fáil cheana a dh'fhéadfaidís a úsáid. Caithfidh ceangal a bheith idir an tigh a bheadh á mholadh acu agus saothrú agus bainistiú gníomhach na feirme.

c. Daoine atá tar éis cuid substaintiúil dá saol (.i. os cionn seacht mbliana) a chaitheamh ina gcónaí sa cheantar tuaithe ina bhfuilid ag lorg cead chun tigh a thógaint don gcéad uair chun go mairfidís go buan ann.

d. Daoine ag obair go lán-aimseartha sa bhfeirmeoireacht, sa choillteoireacht, ar bhealaí uisce intíre, nó i ngairmeacha a bhaineann leis an bhfarraige, le tréimhse de bhreis is trí bliana, sa cheantar tuaithe ina n-oibríonn siad agus ina bhfuil sé i gceist acu tigh a thógaint don gcéad uair chun go mairfidís go buan ann.

e. Daoine gurb é an fheirmeoireacht, nó gníomhaireacht eile bunaithe ar acmhainní nádúrtha, an phríomh-obair atá acu, le tréimhse de bhreis is trí bliana, sa cheantar tuaithe ina n-oibríonn siad agus ina bhfuil sé i gceist acu tigh a thógaint don gcéad uair chun go mairfidís go buan ann.

f. Daoine go bhfuil fíor-ghá lena gcuid fostaíocht bhuan chun go soláthrófaí seirbhísí pobail nó sósialta, agus go bhfuil dlúth-cheangal aige le ceantar áirithe fén dtuath, le tréimhse de bhreis is trí bliana as a chéile, agus gur féidir leo a léiriú go bhfuil gá eacnamaíochta agus sóisialta acu maireachtaint sa cheantar ina mbíonn siad ag obair, agus gur ann atá sé i gceist acu tigh a thógaint don gcéad uair chun go mairfidís go buan ann.

g. Daoine de bhunús na háite atá ag filleadh air, a chaith cuid substaintiúil dá saol (.i. os cionn seacht mbliana) ag maireachtaint sa cheantar tuaithe ina bhfuil sé i gceist acu tigh a thógaint don gcéad uair chun go mairfidís go buan ann, go dteastaíonn uathu filleadh chun maireachtaint gairid dá muintir (a máthair, a n-athair, a ndriotháir, a ndriofúr, nó a gcaomhnóir), nó chun aire a thabhairt dá muintir agus iad ag dul san aois, nó chun oibriú go háitiúil, nó chun maireachtaint ann tar éis dóibh éirí as."

Tugtar aire ar leith de cheantracha na Gaeltachta i gContae Chorcaí istigh sa Phlean Forbartha, nuair a luann sé i Mír 12.5.9 go gcaithfear caitheamh go speisialta leo chun an oidhreacht teangan agus cultúir atá ann a chosaint gan bac a chur ar an bhforbairt.

Leagtar na prionsabail seo leanas síos i Mír 12.5.10:

- "Tá cothú ag dul d'oidhreacht chultúrtha cheantracha na Gaeltachta, úsáid na Gaeilge san áireamh;
- Réamh-choinníoll is ea é an pobal a bheith beo bríomhar, go heacnamúil agus go sóisialta, chun go bhféadfaí an Ghaeilge a chaomhnú mar theanga an phobail sna ceantracha céanna;
- Aitheantas gur caidreamh coimpléacsach é an caidreamh idir an fhorbairt ar thaobh amháin agus an Ghaeilge agus an cultúr ar an dtaobh eile, ná hoireann bearta simplí dhó, agus go bhfuil tionchar substaintiúil ag cumhachtaí na pleanála ar chosaint agus ar chothú an chultúir, cé gur tionchar indíreach teoranta é;
- Tá na Gaeltachtaí agus na ceantracha leathana ina bhfuilid spleách ar a chéile. Ní féidir leo feidhmiú, ná ní féidir iad a thuiscint, ina n-aonar go geografúil. Ba cheart go nglacfadh na Gaeltachtaí a ról iomlán i saol agus i leas an Chontae, an Réigiúin, agus na Tíre, agus ar an gcuma chéanna, ba cheart go bhfaighidís leas as acmhainní na gcríocha timpeall orthu;

- Sa chomhthéacs fé mar atá sé fé láthair, is dochar a dhéanfadh cur chuige leithleasach, nó cur chuige a chuirfeadh bacanna gan cúis ar an bhforbairt go ginearálta, do chothú faid-téarmach na Gaeilge agus an chultúir sna ceantracha so."

Tá na cuspóirí seo leanas, i measc a thuilleadh acu, ar fáil fé Chuspóir Polasaí *HE 5-3: Ceantracha na Gaeltachta* de chuid Plean Forbartha an Chontae:

a. "Spreagadh a dhéanamh ar an bhforbairt sa Ghaelteacht a chothódh an oidhreacht chultúrtha, úsáid na Gaeilge san áireamh, nó a dhéanfadh áisitheoireacht air, nó a thiocfadh go hoiriúnach leis;
b. Spreagadh a dhéanamh ar an bhforbairt sa Ghaeltacht a chuirfeadh fostaíocht nó áiseanna sóisialta ar fáil, go háirithe sa chás go mbaineann siad le óige an cheantair, cé nach sa chás san amháin chuige é;
c. Cur suas don bhforbairt sa Ghaeltacht gurb é is dóichí go ndéanfadh sé creimeadh ar an oidhreacht chultúrtha (úsáid na Gaeilge mar theanga an phobail san áireamh), mara bhfuil leasanna substaintiúla ann d'inmharthanacht faid-téarmach an phobail áitiúil, nó don bpleanáil chóir agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair mórthimpeall;
d. Machnamh a dhéanamh an mbeadh sé oiriúnach riachtanas a dhéanamh d'**anailís ar thionchar teangan** mar chuid d'iarrataisí ar chead pleanála d'fhorbairtí móra áirithe. Bhainfeadh sé seo leis na cásanna úd mar ná beadh an tionchar a fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt ar úsáid na Gaeilge mar theanga an phobail go soiléir nó go rí-thábhachtach ina thosach don gcinneadh a dhéanfaí ar an iarratas."

## Contae Chiarraí

Tá dhá cheantar substaintiúil Gaeltachta i gContae Chiarraí, an taobh thiar de leithinis Chorca Dhuibhne agus áiteanna sa taobh thiar agus i lár leithinis Uíbh Ráthaigh. Daingean Uí Chúis an baile is mó i gCorca Dhuibhne, agus Baile an Sceilg an baile is mó i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh.

Tá *Croí-Straitéis* istigh i *bPlean Forbartha Chontae Chiarraí 2015-2021*, an plean atá i bhfeidhm fé láthair, agus do réir an Straitéis sin, tugtar tús áite don bhfás sa dá bhaile sa "Mhol Nasctha" (nó an "Linked Hub"), sin iad Trá Lí agus Cill Áirne, agus do chomh-dhlúthú na bpríomh-bhailte eile, faid is a tugtar tacú do cheantracha na tuaithe chomh maith, don gcuid is mó trí neartú na mbailte beaga ar fuaid an chontae. Ceann de na haidhmeanna straitéiseacha sa Chroí-Straitéis ná chun úsáid na Gaeilge a chothú laistigh don bpobal go ginearálta, agus chun tacaíocht teangan a chur ar fáil don nGaeltacht mar phobal labhartha na Gaeilge, mar a leagtar amach i Mír 2.2.1 don bPlean Forbartha.

Fé Mhír 2.3.2, *"Spriocanna Molta Daonra agus Comhroinn Spásúil"*, deirtear go bhfuil fás ag teacht ar an ndaonra sa "Mhol Nasctha" agus sna bailte, do réir Daonáireamh 2011. Tá méadú substaintiúil fós ag teacht, áfach, ar na *Ceantracha Tuaithe fé Thionchar Láidir na Cathrach*, faid is atá an daonra ag titim i lár an dá bhaile sa "Mhol Nasctha". Ina theannta san, bhí breis is tigh as gach ceithre cinn sa Chontae folamh ar oíche an Daonáirimh (na tithe tánaisteacha agus na tithe saoire istigh san áireamh).

Fé Mhír 3.3.1, *"Cineálacha agus Lonnaíochtaí na gCeantar Tuaithe",* admhaítear sa Phlean Forbartha go bhfuil traidisiún de phátrúin scaipthe lonnaíochta fén dtuath sa Chontae. Ach ag féachaint ar ráta thógaint na dtithe agus ar scála an tithíocht aonair scaipthe fén dtuath mar atá siad fé láthair, maíonn an Plean ná fuilid inbhuanaithe ná eacnamúil ó thaobh soláthar an infreastruchtúir. Polasaí is ea é féachaint chuige go gcloífidh an tithíocht fén dtuath san am atá romhainn leis na *Treoirlínte d'Údaráis na Pleanála fén dTithíocht Inbhuanaithe fén dTuath, 2005*, agus táthar chun é seo a bhaint amach ach béim a leagadh ar na nithe seo leanas:

*a. "A dhéanamh amach go bhfuil fíorghá le tithíocht do bhuanáitíocht;*

*b. Tosaíocht a thabhairt do laghdú a dhéanamh ar ráta na n-áras cónaithe atá folamh sna Ceantair Thuaithe Faoi Thionchar Láidir Uirbeach agus Ceantair Láidre Uirbeacha mar rogha ar fhorbairt nua cónaithe;*

c. *Go ndéanfaí athsholáthar, athchóiriú nó mionathrú ar na struchtúir atá faoin tuath d'úsáid chónaithe;*
d. *Daoine ar mhian leo cónaí faoin tuath a spreagadh le maireachtáil i lonnaíochtaí nó i nóid fhorbartha atá ann cheana féin mar a bhfuil seirbhísí ar fáil."*


Sé atá i bPolasaí RS-6 ná "[a] chinntiú go n-úsáidtear gach buanfhorbairt chónaithe faoin tuath mar phríomh-bhuanionad cónaithe. Ina theannta sin beidh a leithéid d'fhorbairt faoi réir Chlásala Áitíochta do thréimhse 7 mbliana".

***Ceantar a 1 do Thithíocht na Tuaithe***: *Ceantracha fén dTuath fé Thionchar Láidir na Cathrach*
Sé seo leanas na polasaithe atá sa Phlean:

- *"A chinntiú go bhféachtar go dearfach ar fhorbairtí tí aonuaire do bhall teaghlaigh (mac, iníon nó neacht/nia) ar fheirmeacha agus gabháltais teaghlaigh; faoi réir na ngnáthchritéir phleanála a chomhlíonadh agus na ngnáthcheisteanna cosanta timpeallachta;*
- *Tosaíocht a thabhairt d'árais neamhchríochnaithe a chríochnú agus d'áitiú aonad folamh mar rogha ar fhorbairt nua cónaithe do dhaoine ar dhlúthchuid den phobal tuaithe ina mbíonn an fhorbairt beartaithe iad, faoi réir na ngnáthchritéir phleanála a chomhlíonadh agus na ngnáthcheisteanna cosanta timpeallachta;*
- *Éascú a dhéanamh ar riachtanais tithíochta an phobail tuaithe mara aithníodh iad agus tithíocht a ghintear go huirbeach á threorú chuig na bailte agus na sráidbhailte".*

***Ceantar a 2 do Thithíocht na Tuaithe*****:** *Ceantracha Láidre fén dTuath*
An príomh-dhúshlán atá ina leithéid seo de cheantar ná cothrom réasúnta a bhaint amach idir an fhorbairt i ngréasán fairsing na mbailte beaga agus na sráidbhailte ar thaobh amháin agus iarrataisí ar thithíocht sa cheantar ginearálta tuaithe mórthimpeall ar an dtaobh eile. Siad so leanas na polasaithe:

- *"Éascú a dhéanamh ar árais chónaithe a sholáthar do dhaoine ar dhlúthchuid iad den phobal tuaithe inar tógadh iad, faoi réir na ngnáthchritéir phleanála a chomhlíonadh agus na ngnáthcheisteanna cosanta timpeallachta;*
- *Daingniú agus coinneáil a dhéanamh ar sheasmhacht an daonra tuaithe agus cothromaíocht a chur chun cinn idir ghníomhaíocht fhorbartha i gceantair uirbeacha agus sráidbhailte agus sa cheantar tuaithe níos leithne".*




*Na Sórtanna de Cheantracha*
*na Tuaithe i gContae Chiarraí*

***Ceantar a 3 do Thithíocht na Tuaithe***: *Ceantracha atá Lag go Struchtúrtha*

Sna ceantracha so, sé an dúshlán ná stopadh a chur leis an dtitim leanúnach sa daonra agus san eacnamaíocht, leis an bhfócas ar bhailte tábhachtacha agus ar limistéirí tuaithe araon. Sé seo leanas an polasaí:

- *"Freastal ar éileamh ar bhuanfhorbairt chónaithe de réir mar a éiríonn sé, faoi réir dea-chleachtas pleanála inbhuanaithe i gceisteanna mar dhearadh, láthair, cóireáil fuíolluisce agus cosaint tírdhreacha tábhachtach agus limistéir íogair comhshaoil".*

***Ceantar a 4 do Thithíocht na Tuaithe***: *Ceantracha fén dTuath le Pátrúin ar leith de Lonnaíochtaí Cnuasaithe*

Is ceantracha tuaithe iad so ina mbíonn pátrúin de lonnaíochtaí cnuasaithe iontu, i bhfoirm traidisiúnta an chlocháin nó an chnuasaigh. Is gné de Ghaeltacht Chorca Dhuibhne é a leithéid de lonnaíochtaí, ach tá líon beag acu ar fáil ar fuaid an Chontae. Tá sé i gceist go n-aithneofaí na ceantracha so mar a bhfuil siad cheana trí phróiséas Phleananna na gCeantracha Áitiúla.

***Ceantracha le Tír-dhreach le Tábhacht Speisialta ("Amenity Areas")***

Fé Mhír 3.3.2, *An Fhorbairt sna Ceantracha le Tír-dhreach le Tábhacht Speisialta*, deirtear go n-aithnítear sa Phlean Forbartha go bhfuil ceantracha eile ann seachas na sórtanna a luadh anso thuas, agus go bhfuil polasaithe ar leithrigh ag teastáil chun freastal go cuí orthu, de

bharr gnéithe an tír-dhreach atá iontu. Dá réir sin, leagtar síos na rialacha so leanas ar iarrthóirí ar fhorbairtí cónaitheacha i gceantracha den sórt so:[5]

*Ceantracha le Tír-dhreach Speisialta den gCéad Ghrád:*

- *"Ball de theaghlach feirme i mbun talmhaíochta nó Gairneoireachta".*

*Ceantracha le Tír-dhreach Speisialta den Dara Grád*:

- *"Mic agus Iníonacha an úinéara talún traidisiúnta, nó neacht nó nia, a mbeadh an talamh in úinéireacht an teaghlaigh le breis agus 10 mbliana agus é mar láthair do phríomhionad cónaithe an teaghlaigh"; nó*
- *"Go léireodh an t-iarratasóir fíor-riachtanas fostaíochta tuaithe"; nó*
- *"Go mbeadh cónaí ar na hiarratasóirí sa chomharsanacht roimh Ean 2003 agus gur tógadh an t-iarratasóir sa cheantar".*

*Ceantracha Ginearálta na Tuaithe*:

- *"Go n-úsáidfear an teach a bhíonn beartaithe mar bhuanionad cónaithe".*

***An Ghaeltacht***

Sé atá i bPolasaí uimhir T52 ná "Caomhnú a dhéanamh ar oidhreacht chultúrtha agus teanga na gceantar Gaeltachta trí straitéis lonnaíochta agus cuspóirí forbartha an Phlean seo". Tugtar aire ar leithrigh do bhaile an Daingin, mar ionad tábhachtach seirbhísí agus mar ionad fostaíochta don gceantar máguaird, agus mar fhócas do Ghaeltacht Chorca Dhuibhne (Mír 6.5.3).

Fé Mhír 11.2.1, *Ceantracha na Gaeltachta,* áitítear gur cuspóir éigeantach de chuid an Phlean Forbartha é an Ghaeltacht a chosaint, cothú na Gaeilge mar theanga an phobail san áireamh. Is ceist chasta choimpléacsach é conas ba cheart an oidhreacht teangan agus cultúir seo a chosaint agus a chothú, agus éilíonn sé ionchur ó réimse leathan d'ábhair pholasaí. Níl sna polasaithe fé úsáid na talún ach eilimint amháin don straitéis ghinearálta a bheadh ag teastáil chun an chuspóir seo a bhaint amach. Leagtar amach na polasaithe ábharacha so leanas:

[5] Tá cuid mhaith de chósta na gceantracha Gaeltachta curtha go hoifigiúil isteach sna catagóirí Tír-dhreach Speisialta den gCéad Ghrád agus Tír-dhreach Speisialta den Dara Grád.

- ***"H-17:** Soláthar inmharthana tithíocht ó chumainn tithíochta is eile a éascú ar láithreacha oiriúnacha dóibh siúd ag a mbíonn an Ghaeilge mar ghnáth-theanga cumarsáide in aghaidh an lae.*
- ***H-19:** Cuimhneamh ar an dtionchar a bheadh ag lucht labhartha teangacha eile ag teacht de réir a chéile chun cónaí i gceantair Ghaeltachta.*
- ***H-21:** Iarratais phleanála ar fhorbairtí móra sa Ghaeltacht a mheas de réir an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an dteanga is ar an gceantar Gaeltachta.*
- ***H-22**:*
  - *a)* ***Measúnú tionchar teangeolaíochta*** *a lorg i gceantair Ghaeltachta le hiarratais mhóra pleanála is leo siúd do thrí thigh ar a laghad chomh luath is a bhunófar modheolaíocht shoiléir lena leithéid a ullmhú is a mheas.*
  - *b)Treoir a ullmhú chun measúnú tionchar teangeolaíochta a ullmhú is a mheas.*
- ***H-24:** Polasaí a fhorbairt go ceann tréimhse an phlean maidir le riachtanais Ghaeilge i gcás tithíocht shóisialta agus inacmhainne."*

***Pleananna na gCeantracha Áitiúla***

Tá plean ann do bhaile an Daingin, *Plean an Cheantair Áitiúil do Cheantar Feidhmiúil an Daingin*, ón mbliain 2012, ach is gairid go mbeidh plean nua ag teacht ina ionad, *Plean an Cheantair Áitiúil do Cheantar Toghcháin an Daingin (dréacht), 2020-2026*. Go ginearálta, léiríonn na polasaithe sa dréacht de Phlean an Cheantair Áitiúil na polasaithe i bPlean Forbartha an Chontae. Tá iarracht á dhéanamh sa phlean dréachta forbairtí nua a chur isteach i lonnaíochtaí atá ann cheana féin, sa Ghaeltacht san áireamh, agus tá plean sonraitheach ann do gach ceann acu súd. Aithnítear chomh maith, áfach, go bhfuil gá ann freastal ar fhíor-riachtanaisí na tithíochta amuigh fén dtuath.

## Contae na Gaillimhe


Gaeltacht Chontae na Gaillimhe an Ghaeltacht is mó sa stát; bhí daonra 49,524 ann sa bhliain 2016. (San áireamh sa bhfigiúir sin, tá 15,744 duine sa Ghaeltacht atá istigh sa chathair, agus 33,750 duine i gContae na Gaillimhe.) Ní raibh ach 9,445 cainteoir laethúil Gaeilge i nGaeltacht na Gaillimhe i mí Aibreáin 2016, áfach; laghdú 640 ab ea é sin ar an bhfigiúir a bhí sa Daonáireamh sa bhliain 2011.[6]

**Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe, 2015-2021**

Mar chuid de Phlean Forbartha an Chontae, 2015-2021, mar a leasaíodh é per Athrú Uimhir a 1 sa bhliain 2017, tá *Straitéis Spásúil, Croí-Straitéis, agus Straitéis Lonnaíochta*. Tá an fócas ann dírithe ar neartú cheantracha na cathrach[7], ach ina theannta san, tá forálacha *na dTreoirlínte d'Údaráis na Pleanála fén dTithíocht Inbhuanaithe fén dTuath* ionchorporaithe isteach ann, sa mhéid is go bhfuil tuath an chontae roinnte ar shórtanna, idir na Ceantracha fé Thionchar Láidir na Cathrach agus na Ceantracha atá Lag go Struchtúrtha. Mar aon leis an dá chatagóir leathan so, deintear soláthar ann chomh maith do cheisteanna eile i gcás tithíocht na tuaithe i n-áiteanna áirithe, mar shampla i n-áiteanna le tír-dhreach ar chaighdeán árd nó i n-áiteanna sa Ghaeltacht. Luaitear ann go bhfuil gá leis an idirdhealú idir na sórtanna éagsúla ceantair seo chun riar a dhéanamh ar riachtanaisí tithíochta na ndaoine gurb as an dtuath dhóibh nó go bhfuil nasc láidir acu le ceantar tuaithe, mar a oirfeadh, agus chun riar a dhéanamh ar shain-choinníollacha na háite, pé acu an mbaineann siad le háiteanna le titim sa daonra agus san eacnamaíocht nó le háiteanna atá fé bhrú mór forbartha.

I gCaibidil a 3 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe, leagtar síos sonraí substaintiúla maidir leis na ceisteanna san, ag tabhairt san áireamh liosta de na sórtanna iarrthóirí a fhéadfadh a bheith i dteideal cead chun tigh a thógaint i gceantar tuaithe, mar a roinneadh iad idir na ceantracha fé bhrú ón gcathair (Cuspóir RH01), na ceantracha atá lag go struchtúrtha (RH02), nó na ceantracha go bhfuil tír-dhreach ar chaighdeán árd acu (RH03, Catagóirí Tír-dhreach a 3, a 4, agus a 5). De ghnáth, is daoine iad na hiarrthóirí seo go bhfuil ceangal acu leis an áit, mar a moltar sna *Treoirlínte d'Údaráis na Pleanála fén dTithíocht Inbhuanaithe fén dTuath*. D'fhéadfadh *nasc tuaithe* a bheith acu, nó d'fhéadfadh *gá cruthaithe le tithíocht tuaithe* a bheith acu.

[6] Is as Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe, 2015 2021, mar a leasaíodh é per Athrú 2b i mí Bealtaine 2018, Plean na Gaeltachta, a tógadh na figiúirí sin.
[7] Mar a leagtar síos sa Phlean Forbartha iad, siad so leanas na hionaid a bheadh oiriúnach do scéimeanna nua de thithíocht cónaithe:
Bailte móra: daonra 5,000 duine nó os a chionn;
Bailte beaga agus sráid-bhailte: daonra idir 2,000 agus 5,000 duine;
Bailte agus sráid-bhailte: daonra idir 400 agus 2,000 duine.




*Na Sórtanna de Cheantracha na*
*Tuaithe i gContae na Gaillimhe*

Díríonn Cuspóir RHO 4 den bPlean Forbartha go speisialta ar thithíocht na tuaithe sa Ghaeltacht:

*"Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle Tithíocht Tuaithe a éascú amuigh faoin tuath faoi réir ag na critéir a leanas:*

*a. Comhlíonfaidh iarrthóirí na Gaeltachta atá lonnaithe i Saincheantar 1 (Ceantar Tuaithe atá Faoi Bhrú Láidir Uirbeach – GTPS) agus Saincheantar 3 (Catagóir Tírdhreacha 3, 4 agus 5) leis na cuspóirí atá luaite i RHO1 agus RHO3 mar is iomchuí. Ceadófar d'iarrthóirí a bhfuil a dteach teaghlaigh bunúil lonnaithe ar an stráice cósta taobh thiar den Spidéal, teannadh níos gaire don chathair ach gan a bheith níos faide na 8km ón teach teaghlaigh bunúil.*

*NÓ:*

b. *Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle go dtabharfaí aird ar chainteoirí Gaeilge a bhféadann a n-inniúlacht chun Gaeilge a labhairt de réir cheanglais Chomhairle Contae na Gaillimhe a chruthú agus a bhfuil in ann a n-inniúlacht chun a bheith mar thairbhe do thraidisiún, cultúr, ealaíon, oidhreacht agus líonraí teanga Pobal*

*Gaeltachta fuinniúil a léiriú. Baineann an breithniú seo le hiarrthóirí ar mian leo a bpríomhtheach cónaithe a bheith in ainmníochtaí tírdhreacha Aicme 1 agus 2 agus 3. Bainfidh sé le ceantair Aicme 4 chomh maith nach bhfuil suite i láithreacha sáramhairc. Cuirfear* ***Clásal Feidhme Teanga*** *i bhfeidhm ar feadh tréimhse 15 mbliana a bhaineann le forbairtí ceadaithe sa chatagóir seo."*

Do réir Chuspóir UHO 12 de chuid an Phlean Forbartha – *Ráitis Tionchair Teanga* – caithfear ***Ráiteas Tionchair Teangan*** a chur isteach le hiarrataisí chun dhá thigh nó breis a thógaint i gceantar na Gaeltachta, chun an Ghaeilge a chosaint agus a neartú. Tá "Clásal Feidhme Teangan" le beith i bhfeidhm go ceann 15 bliana ar aon fhorbairtí de dhá aonad nó os a chionn a cheadófaí.

Do réir Chuspóir UHO 13 – *Tithíocht Uirbeach sna Lonnaíochtaí Gaeltachta* – beidh forbairtí d'aonaid chónaitheacha de dhá aonad nó os a chionn i lonnaíochtaí na Gaeltachta fé réir ag riachtanaisí teangan agus áitíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe, chun oidhreacht teangan agus cultúir na Gaeltachta a chosaint.

***Plean na Gaeltachta, 2018***

Sa bhliain 2018, deineadh leasú eile ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe, 2015-2021, le Athrú 2b, *Plean na Gaeltachta (na lonnaíochtaí An Cheathrú Rua, An Spidéal, agus Baile Chláir san áireamh).* Dírítear an plean so ar na lonnaíochtaí sa Ghaeltacht, agus tá pleananna sonraitheacha ann don gCeathrú Rua agus don Spidéal i gConamara, agus do Bhaile Chláir, sa taobh thoir thuaidh do Chontae na Gaillimhe. Deirtear go gclúdaíonn Plean na Gaeltachta sé dhúthaigh ar leithrigh, lena ghnéithe féin ag gach ceann acu:

a. Iorras Aithneach/Camas/Ros Muc;
b. Dúiche Sheoigheach;
c. Ceantar na nOileán/An Crompán;
d. Cois Fharraige;
e. Oileáin Árainn;
f. Imeall na Cathrach.

Deirtear ann go dtiocfaidh na dúthaí Gaeltachta a luaitear anso thuas le *Limistéirí an Phleanáil Teangan* mar a leagtar síos iad sa *Straitéis 20-Bliain don Ghaeilge, 2010-2030*.

Do réir Chuspóir GL10, leagfar *Clásal Feidhme Teangan* ar chuid áirithe do na haonaid chónaithe i n-aon fhorbairtí de dhá aonad nó os a chionn i lonnaíochtaí áirithe i nDúthaigh D (Cois Fharraige). Sé an sciar de na tithe cónaithe ar a leagfar Clásal Feidhme Teangan ná 80% ar a laghad, nó ceann éigint acu, an coibhneas den ndaonra a úsáideann an teanga ar bhonn laethúil, do réir an Daonáireamh is déanaí a foilsíodh, pé acu is mó.

Tá an méid seo leanas ar fáil i gCuspóir DO 2 – *Clásal Feidhme Teangan d'Fhorbairtí de Dhá Thigh nó os a Chionn ar an gCeathrú Rua, sa Spidéal, nó i mBaile Chláir*:

1. *"Cuirfear Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm ar sciar d'aonaid chónaitheacha i bhforbairt ina bhfuil dhá aonad nó níos mó ar an gCeathrú Rua agus ar an Spidéal. 80% ar a laghad a bheidh sa sciar d'áiteanna cónaithe ina mbeidh clásal feidhme teanga i bhfeidhm nó an chomhréir de dhaoine a úsáideann an Ghaeilge go laethúil, de réir an Daonáirimh fhoilsithe is deireanaí, pé acu is mó;*
2. *Cuirfear Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm ar sciar d'aonaid chónaitheacha i bhforbairt ina bhfuil dhá aonad nó níos mó i mBaile Chláir. 20% ar a laghad a bheidh sa sciar d'áiteanna cónaithe ina mbeidh clásal feidhme teanga i bhfeidhm nó an chomhréir de dhaoine a úsáideann an Ghaeilge go laethúil, de réir an Daonáirimh fhoilsithe is deireanaí, pé acu is mó."*

Istigh i *bPlean na Gaeltachta* (Athrú Uimhir a 2b ar an bPlean Forbartha), tá cáipéis chomhairleoireachta mar aguisín a dhíríonn ar cheisteanna na pleanála istigh i nOileáin Árann, *Aguisín a 1 – "Oileáin Árann – Treoirchreat Forbartha Pobail"*. Luaitear go háirithe an fhianaise atá ann go bhfuil an daonra ag titim, agus ag dul san aois, sa trí Oileán, agus go bhfuil céatadán cuíosach árd de na haonaid chónaithe atá iontu folamh.

***Plean an Cheantair Áitiúil do Bhearna, 2018***

Sé atá i nAthrú 2a de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe ná Plean an Cheantair Áitiúil do Bhearna. Tá polasaí ansan istigh chomh maith go mbeadh Clásal Feidhme Teangan ann, do réir Cuspóir CH3:

> *"Cuirfear Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm ar sciar d'aonaid chónaitheacha i bhforbairt ina bhfuil dhá aonad nó níos mó i mBearna. 20% ar a laghad a bheidh sa sciar d'áiteanna cónaithe ina mbeidh clásal feidhme teanga i bhfeidhm nó an chomhréir de dhaoine a úsáideann an Ghaeilge go laethúil, de réir an Daonáirimh fhoilsithe is deireanaí, pé acu is mó."*

## Contae Mhaigh Eo

I gContae Mhaigh Eo, tá ceantracha Gaeltachta ar Acaill, i dTuar Mhic Éadaigh, agus i mBéal an Mhuirthead / Iorras; tá timpeall 11,000 duine de dhaonra iontu eatarthu, agus do réir Daonáireamh 2016, ba chainteoirí laethúla Gaeilge 10-14% acu.

### Plean Forbartha Chontae Mhaigh Eo, 2014-2020


Tá sé mar aidhm ag Plean Forbartha an Chontae an fhorbairt a spreagadh i limistéirí na cathrach agus na tuaithe araon. Deintear an ghnáth-roinnt ar an dtuath idir na Ceantracha fén dTuath fé Thionchar Láidir na Cathrach agus na Ceantracha atá Lag go Struchtúrtha. Sé an deifnidiú atá ar an gcéad chatagóir ná na ceantracha tuaithe atá gairid do bhailte nasctha "an Mhol" (Caisleán an Bharraigh / Béal an Átha / Cathair na Mart) nó do na Príomh-Bhailte, go bhfuil árdú mór ar an ndaonra iontu de bharra iad a bheith gairid do na bailte móra. Siad an chuid eile do na ceantracha tuaithe atá i gcatagóir na gCeantracha Laga; go bunúsach, sin é an chuid eile don gContae ar fad.

Luaitear sa Phlean, maidir le tithíocht na tuaithe, go n-aithnítear go bhfuil traidisiún de lonnaíochtaí scaipthe sa Chontae, agus gur cuid luachmhar don oidhreacht é seo. Is bagairt d'inmharthanacht na tuaithe an titim ina dhaonra. Dá réir sin, níor mhór méadú a dhéanamh ar an mbéim a leagtar ar a thuilleadh daoine a spreagadh chun cónaí go buan i gceantracha tuaithe. Sna codanna don gContae atá ar an gcósta, tá pátrúin lonnaíochta ar leithrigh tagtha chun cinn, i gcnuasacha ar nós na gclochán nó i ngrúpaí ar fad líne.

I n-ainneoin is go bhfuil ceantracha substaintiúla Gaeltachta i Maigh Eo, is beag an plé a deintear i bPlean Forbartha an Chontae ón mbliain 2014 (atá á aithbhreithniú fé láthair) ar an nGaeltacht per se. Tá polasaithe ann i bhfábhar le fógraíocht bóthair as Gaeilge, agus tá an méid seo leanas ar fáil fé Chuspóir Polasaí SI-02:

> "Cuspóir de chuid na Comhairle is ea é an oidhreacht speisialta teangan agus cultúrtha atá i nGaeltachtaí Mhaigh Eo a neartú, trí thacaíocht agus áisitheoireacht a dhéanamh ar an infreastruchtúr fisiciúil, sóisialta, agus eacnamúil ag ionaid oiriúnacha ar fuaid cheantracha na Gaeltachta, agus chun **Ráiteas Tiochnair Teangan** a éileamh i gcás forbairtí substaintiúla laistigh don nGaeltacht, nó gairid dó, nó san áit a meastar a bheith oiriúnach, chun an tionchar a bheadh acu ar úsáid na Gaeilge mar theanga an phobail a mheasúnú."

Laistigh de *Phlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo*, tá plean baile ann do bhaile Bhéal an Mhuirthead. Deirtear gurb é seo an t-ionad uirbeach is mó i n-iarthuaisceart Mhaigh Eo, agus go bhfuil ceantracha fairsinge tuaithe timpeall air. Deirtear gurb é an baile sin an t-ionad Gaeltachta is mó i gContae Mhaigh Eo, agus gur tríd a thiocfaí ar leithinis an Mhuirthead. Tá oidhreacht teangan agus cultúrtha ar leithrigh ag Béal an Mhuirthead, atá go láidir fós, agus d'fhéadfadh sé seo, i bpáirt leis an ról atá aige mar ionad turasóireachta, an fás eacnamaíochta a thiomáint chun cinn sa bhaile agus sa réigiún san am atá romhainn.




*Croí-Straitéis Chontae Mhaigh Eo*

## Contae Dhún na nGall

Sé Gaeltacht Dhún na nGall an tarna ceann is mó de na seacht gcinn de cheantracha Gaeltachta i nÉrinn. Sa bhliain 2011, bhí daonra 24,744 ann, timpeall an cheathrú chuid de dhaonra iomlán na nGaeltachtaí. Clúdaíonn an Ghaeltacht stráicí móra d'iarthar an Chontae, agus tá sé cinn d'oileáin san áireamh go bhfuil daoine ina gcónaí iontu: Árainn Mhór, Toraigh, Inis Bó Finne, Inis Fraoigh, Oileán an Bhráighe, agus Gabhla.


***Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall, 2018-2024***

Maidir le tithíocht na tuaithe, tá an ghnáth-roinnt ar an gcontae ar fáil i gCaibidil a 6 den bPlean Forbartha, idir *na Ceantracha fé Thionchar Láidir na Cathrach*, *na Ceantracha Láidre fén dTuath*, agus *na Ceantracha atá Lag go Struchtúrtha*. Sna Ceantracha Laga fén dTuath, catagóir ina bhfuil formhór na Gaeltachta, maíonn Cuspóir Polasaí RH-P-4 an méid seo leanas:

> *"Is beartas de chuid na Comhairle é tograí do thithíocht aonuaire nua laistigh de cheantair thuaithe atá lag go struchtúrach a bhreithniú ó iarratasóirí ionchasacha ar bith a bhfuil riachtanas tí cónaithe acu (riachtanas uirbeach nó tuathghinte) ar an gcoinníoll go léiríonn siad gur féidir leo gach beartas ábhartha eile den Phlean seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear RH-P-1 agus RH-P-2. Ní cheadófar forbairt tithe saoire nua sna ceantair seo."*

Sna Ceantracha Láidre fén dTuath, leagtar amach na catagóirí seo leanas maidir le cead pleanála chun tigh cónaithe a thógaint:

- "*Daoine ar ghníomhaíocht tuathbhunaithe a bhfostaíocht príomha le fíor-riachtanas cónaí i gceantar an bhonn fostaíochta sin, mar shampla, iad siúd a oibríonn sa talmhaíocht, foraoiseacht, gairneoireacht etc.;*
- *Daoine a bhfuil nasc ríthábhachtach acu leis an gceantar tuaithe de bharr gur chónaigh siad sa phobal seo ar feadh tréimhse substaintiúil dá saoil (íosmhéid 7 mbliana), nó a bhfuil ceangail fhadbhunaithe acu leis an gceantar tuaithe (íosmhéid 7 mbliana) le garghaolta, nó toisc go dtugann siad cúram do dhuine ar chónaitheoir reatha ann é (íosmhéid 7 mbliana);*
- *Daoine ar chúinsí sláinte eisceachtúla ar féidir leo fíorghá a léiriú chun cónaí i suíomh tuaithe áirithe.*"




*Na Sórtanna de Cheantracha na Tuaithe i gContae Dhún na nGall*

Anuas air sin, deirtear an méid seo leanas:

> *"Ní bheidh feidhm leis an mbeartas seo i gcás go bhfuil duine tar éis leas a bhaint cheana as cead do theaghais ar láithreán eile, mura féidir a léiriú go bhfuil cúinsí eisceachtúla ann. Áireofaí ar chúinse eisceachtúil, cé nach mbeadh sé teoranta dó, tosca ina mbeadh an t-iarratasóir tar éis teaghais áitithe agus foirgnithe a raibh cead roimhe seo aige, a dhíol le duine a chomhlíonann ceanglais bona fide an chead sin. Ní cheadófar forbairt tithe saoire nua sna ceantair seo."*

Sna Ceantracha fé Thionchar Láidir na Cathrach, a theorannaítear d'iomall na mbailte móra ar nós Leitir Ceanainn, tá Polasaí RH-P-5 ann chun an méid seo leanas a dhéanamh:

> *... "tograí do thithíocht tuaithe aonuaire nua a bhreithniú laistigh de Cheantair faoi Thionchar Uirbeach Láidir ó iarratasóirí ionchasacha a bhfuil fíor-riachtanas léirithe acu ar féidir leo fianaise a chur ar fáil gur chónaigh siadsan, nó a dtuismitheoirí nó a seantuismitheoirí, ag am éigin laistigh den cheantar faoi thionchar uirbeach láidir i bhfoisceacht an láithreáin iarratais do thréimhse 7 mbliana ar a laghad".*

Tá fócas substaintiúil ar cheantracha na Gaeltachta i gCaibidil a 11 de Phlean Forbartha an Chontae, cé nach polasaí sonraitheach cuid mhaith dhe, ach polasaí ar leibhéal árd straitéiseach. Luann an Plean Forbartha an chuma atá an Béarla ag dul i n-ionad na Gaeilge sa Ghaeltacht le blianta beaga anuas, go háirithe i measc na ndaoine óga.

Luann an Pleann Forbartha na torthaí a bhí sa *Nua-Shonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, 2006–2011*, agus go gcuireann an tuairisc sin an titim i n-úsáid na Gaeilge i leith *dinimicí sóisialta* (nascadh pharóistí na Gaeltachta le gréasáin leathana an Bhéarla), *gluaiseachtaí déimeagrafaíochta* (daoine gan Gaeilge ag bogadh isteach sa Ghaeltacht), agus *sóisialú* na hóige tríd an mBéarla.

***Ceantracha na Gaeltachta***

Istigh sa Phlean Forbartha, roinntear an Ghaeltacht ar thrí chatagóir, bunaithe ar úsáid na Gaeilge:

a. Ranna Toghchánaíochta mar a labhrann os cionn 67% den ndaonra an Ghaeilge go laethúil;
b. Ranna Toghchánaíochta mar a labhrann 44-66% den ndaonra an Ghaeilge go laethúil;
c. Ranna Toghchánaíochta mar a labhrann fé bhun 44% den ndaonra an Ghaeilge go laethúil.

Ag tagairt don *Nua-Shonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, 2006–2011*, luann an Plean Forbartha an tábhacht chriticiúil a bhaineann le céatadán na gcainteoirí Gaeilge a bheadh gníomhach agus dlúite sa phobal a choimeád os cionn 67%, agus le féachaint chuige go méadófaí céatadán na ndaoine óga a labhrann an Ghaeilge. Chuige seo, maítear go "*[n-a]ithníonn an Chomhairle dianriachtanas straitéiseach cothabháil agus comhdhlúthú na Gaeilge mar theanga pobail i gceantair Ghaeltachta, Catagóir A agus an tábhacht a bhaineann leis an teanga a neartú i gceantair Ghaeltachta eile agus ar fud an chontae.*"

Chun an chuspóir sin a bhaint amach, leagtar amach liosta de "*chuspóirí agus beartais shainiúla na Gaeilge*", cé go bhféadfaí a mhaíomh gur gnáth-chuspóirí de chuid na pleanála a bhformhór acu, gan aon bhaint ar leithrigh acu leis an bpleanáil sa Ghaeltacht, seachas leis an bpleanáil i n-aon cheantar tuaithe eile (e.g. "*Soláthar seirbhísí don phobal laistigh den*

*Chontae a éascú, lena n-áirítear go háirithe scoileanna, naíolanna agus saoráidí eile cúram leanaí agus oideachais*"). Ach tá polasaithe áirithe ann a thagraíonn go díreach don nGaeltacht, cé gur i slí ghinearálta é (e.g. "*Tacú le soláthar saoráidí cúram leanaí a úsáideann an Ghaeilge agus go háirithe sa Ghaeltacht*"). Tá roinnt pholasaithe sonraitheacha ann chomh maith, go háirithe ag Cuspóir Pholasaí CCG-O-8, mar seo a leanas:

> *"An Ghaeilge a chothabháil mar theanga bheo pobail sna ceantair Ghaeltachta is láidre, úsáid na teanga a neartú in áiteanna eile, agus oidhreacht chultúrtha na Gaeltachta a chosaint agus forbairt eacnamaíochta, fhisiciúil agus shóisialta inbhuanaithe na Gaeltacta a éascú trí inter alia:*

- *Plean don Ghaeilge a Ullmhú agus a Chur Chun Feidhme ar fud an Chontae.*
- *Comhoibriú leis na príomheagraíochtaí roghnaithe agus le Údarás na Gaeltachta i gcur chun feidhme Pleananna Teanga Pobail do cheantair Ghaeltachta ar leith.*
- ***Bunús teangeolaíochta ceantar Gaeltachta a chomhdhlúthú trí thithíocht tuaithe do chainteoirí dúchasacha Gaeltachta ar mian leo tógáil agus cónaí ina gceantar féin a éascú agus Measúnachtaí Tionchair Teanga a éileamh ar ilfhorbairtí cónaitheacha de 10 n-aonad cónaitheacha nó níos mó**.*
- *Forbairt agus leathnú Gaelscoileanna agus Naíonraí i gceantair Ghaeltachta a éascú.*
- *Tacú le forbairt Pháirc Gnó Ghaoth Dobhair mar ionad déantúsaíochta, fiontair agus gnó chun tacú le bonn fostaíochta agus beogacht eacnamaíochta na Gaeltachta.*
- *Forbairt inbhuanaithe Lonnaíochtaí Gaeltachta a chinntiú mar thiománaí socheacnamaíochta dá gceantair máguaird, lena n-áirítear buntáiste a bhaint as acmhainn turasóireachta na lonnaíochtaí céanna agus tacaíochtaí a chur ar fáil trí chláir agus tionscnaimh mhaoinithe chuí.*
- *Feiceálacht níos airde a bhaint amach agus úsáid níos forleithne na Gaeilge i gcomharthaíocht ghnó agus phobail trí bheartais chomharthaíochta chuí.*
- *Seirbhísí de chuid na Comhairle trí Ghaeilge a chur ar fáil go háirithe i gceantair Ghaeltachta agus sna bailte seirbhíse aitheanta Gaeltachta.*
- *Caidreamh a dhéanamh le Údarás na Gaeltachta, le gníomhaireachtaí stáit eile agus leis na pobail Ghaeltachta agus iad ag obair i gcomhar le cosaint na Gaeilge agus tábhacht chultúrtha na Gaeltachta a chinntiú."*

Sé seo an méid a deir Cuspóir Polasaí UB-P-20:

> *"Is beartas de chuid na Comhairle é oidhreacht teangeolaíochta agus chultúrtha Ghaeltacht Dhún na nGall a chosaint maidir le tionchair ábhartha ar an oidhreacht chúltúrtha agus teangeolaíochta a d'fhéadfadh a eascairt as ilfhorbairtí tithíochta laistigh nó gar d'aon cheantar Gaeltachta trí cheanglas Measúnachtaí Tionchair Teanga mar chuid de thograí forbartha. Beidh gá le Measúnachtaí Tionchair Teanga leis an tionchar ar oidhreacht chultúrtha agus teangeolaíochta an cheantair a mheasúnú agus nuair a léirítear tionchar suntasach beidh gá le bearta maolaithe cuí a chur ar fáil. Is cúinse ábhartha a bheidh i Measúnacht Tionchair Teanga i mbreithniú tograí forbartha ag an údarás pleanála. Beidh éileamh ar Mheasúnachtaí Tionchair Teanga mar seo a leanas:*
>
> *(a) Teastóidh Measúnacht Tionchair Teanga* ***d'Il-fhorbairtí Cónaitheacha de 10 aonad cónaitheacha nó níos mó sa Ghaeltacht***
>
> (b) *I bhformhór na gcásanna* ***nuair is togra do 2 go 9 aonad go huile atá ann, ní bheidh gá le Measúnacht Tionchair Teanga*** *mura mbíonn an t-ionchas ann do "Thionchar Suntasach", mar shampla maidir le haon chomhthéacs carnach. Ach is ceanglas d'aon chead a bheidh ann gur* ***ionann céatadán na n-aonad atá le áitiú ag cainteoirí Gaeilge agus céataán cainteoirí Gaeilge laistigh den DED*** *(bunaithe ar na sonraí daonáirimh is deireanaí) de láithreán an iarratais (faoi réir ag íosmhéid 20%)."*

***Plean an Cheantair Áitiúil do na Seacht mBailte Straitéiseacha, 2018-2024***

Laistigh de struchtúr ginearálta Phlean Forbartha an Chontae, tá Contae Dhún na nGall tar éis glacadh le Plean an Cheantair Áitiúil do sheacht gcinn de bhailte a meastar a bheith tábhachtach go straitéiseach (*An Clochán Liath, Bealach Féich-Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Ceann an Droichid, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall, na Cealla Beaga)*. Tá siad so go léir laistíos de Leitir Cheanainn (agus de Dhoire) i struchtúr pleanála Dhún na nGall. As na bailte seo, tá *An Clochán Liath* ainmnithe mar Bhaile Seirbhísí Gaeltachta fé Acht na Gaeltachta, 2012.


Do réir *Plean an Cheantair Áitiúil do na Seacht mBailte Straitéiseacha, 2018-2024*, d'fhéadfadh ról tacaíochta a bheith ag an bplean áitiúil ach na polasaithe a bhaineann go háirithe leis an nGaeilge i Mír 4.4.4 de Phlean an Cheantair Áitiúil a chur i bhfeidhm. Ní bhaineann na polasaithe seo le cúrsaí teangan go háirithe, ach le forbairt lár an bhaile sa *Chlochán Liath*. Tá polasaí ann go gcaithfeadh aghaidh na siopaithe sa bhaile a bheith as Gaeilge nó go dátheangach.

## Contae na Mí

Is gairid go dtiocfaidh plean forbartha nua, atá á dhréachtadh fé láthair, i n-ionad Phlean Forbartha Chontae na Mí, 2013-2019. B'fhéidir go n-athrófaí cuid de na sonraí sa leagan dréachta de Phlean Forbartha Chontae na Mí 2021-2027, ach is féidir talamh slán a dhéanamh de gurb é an cháipéis seo, go bunúsach, a glacfar sa bhliain 2021. I Mír 3.4 den ndréacht den bPlean Forbartha, leagtar amach an *Straitéis Lonnaíochta* don gcontae. An pointe is tábhachtaí ná go dtacófaí le neartú struchtúir agus gréasáin na gcathrach sa Chontae. Díríonn an *Straitéis Lonnaíochta* chomh maith ar chuid de na dúshláin roimis na mbailte is roimis na sráidbhailte amach, ar nós postanna a chruthú, athnuachtaint a dhéanamh ar lár na mbailte, easpa áiseanna is seirbhísí, iompraíocht inbhuanaithe, agus brú á chur ar an bhforbairt ag na daoine a bhíonn ag taisteal chun na hoibre.

Fé Mhír a 9 den ndréacht de Phlean Forbartha Chontae na Mí, 2021-2027, leagtar amach *Straitéis Lonnaíochtaí na Tuaithe*, mar a luaitear na pointí seo leanas:

> "Le blianta beaga anuas, tá brú suathainseach i gContae na Mí chun riar a dhéanamh ar thithíocht na tuaithe, agus dá bharr san, tá nádúr oscailte na tuaithe á chreimeadh i mórán áiteanna ag forbairtí tithíochta á dhéanamh ceann sa turas. Is bagairt é an leibhéal seo d'fhorbairtí tithíocht cónaithe ar thionscnú agus ar inmharthanacht fhiontraíochtaí na talmhaíochta, fiontraíochtaí bainteach leis an dtalmhaíocht agus le próiseáil earraí na talmhaíochta, an choiréalaíocht agus tionsclaíochtaí eile dá shórt, agus tiosnclaíochtaí sna teicneolaíochtaí ná fuil ach ag teacht chun cinn anois ar thailte a zónálfaí go hoiriúnach. Is léir chomh maith go bhfuiltear gairid go leor de theorainn chumas na timpeallachta agus chumas ghréasán na mbóithre freastal ar aon fhorbairtí eile de thithíocht cónaithe i mórán áiteanna sa Chontae. Tá an bhuairt ann, má bhíonn tithíocht tuaithe á cheadú ag an leibhéal atá ann fé láthair, go ndéanfaí damáiste ná féadfaí a chur ina cheart do thimpeallacht na tuaithe, caighdeán an uisce agus carachtaer an tír-dhreach san áireamh. Is dóichí go gcuirfí isteach ar na deiseanna do theaghlaigh na feirmeoireachta leanúint orthu ag maireachtaint agus ag obair ina bparóistí féin. Dá réir sin, tá gá le bainistíocht cháiréiseach ar an dtithíocht tuaithe san am atá romhainn i gContae na Mí. Déanfar áisitheoireacht fén bPlean chun roghanna inbhuanaithe tithíochta a sholáthar do phobail na tuaithe trí chur le cumas bhailte agus nódanna na tuaithe freastal ar na riachtanaisí tithíochta a bheidh ag na ndaoine a chónaíonn fén dtuath ach ná fuil ag obair sa talmhaíocht nó i bhfiontraíochtaí i n-eacnamaíocht na tuaithe, a chuirfidh bonn féna dtodhchaí."




*Na Sórtanna de Cheantracha*
*na Tuaithe i gContae na Mí*

I dtéarmaí na *dTreoirlínte d'Údaráis na Pleanála fén dTithíocht Inbhuanaithe fén dTuath* ón mbliain 2005, deintear roinnt ar an gContae sa dréacht de Phlean Forbartha Chontae na Mí idir na ceantracha tuaithe atá go láidir agus na cinn atá fé bhrú mór ón gcathair, agus tá formhór an Chontae istigh sa dara catagoir, go bhfuil dath crón air sa mhapa.

Tá an méid seo leanas le léamh i bPolasaí na Tuaithe POL 2:

(i) "Chun bainistíocht a dhéanamh ar na forbairtí den dtithíocht cónaitheach sna Ceantracha fén dTuath fé Thionchar Láidir na Cathrach trí bheith ag féachaint chuige go dtéann soláthar na dtithe aonair i gceantracha oscailte fén dtuath ar mhaithe le teaghlaigh na feirmeoireachta, chun go bhféadfaidís leanúint orthu ag maireachtaint agus ag obair ina bparóistí féin.

(ii) Chun bainistíocht a dhéanamh ar na forbairtí den dtithíocht cónaitheach sna Ceantracha Láidre fén dTuath trí bheith ag féachaint chuige go dtéann soláthar na dtithe aonair i gceantracha oscailte fén dtuath sna ceantracha so ar mhaithe le teaghlaigh na feirmeoireachta agus le daoine eile a bheadh ábalta dlúth-nascanna

> leis an gceantar tuaithe a léiriú, chun go bhféadfaidís leanúint orthu ag maireachtaint agus ag obair ina bparóistí féin."

Tá an méid seo leanas le léamh i bPolasaí na Tuaithe POL 3:

> "Sna ceantracha fé Thionchar Láidir na Cathrach agus sna Ceantracha Láidre fén dTuath, déanfar áisitheoireacht fén bPlean chun roghanna inbhuanaithe tithíochta a sholáthar do phobail na tuaithe trí chur le cumas bhailte agus nódanna na tuaithe freastal ar na riachtanaisí tithíochta a bheidh ag na ndaoine a chónaíonn fén dtuath ach ná fuil ag obair sa talmhaíocht nó i bhfiontraíochtaí i n-eacnamaíocht na tuaithe, a chuirfidh bonn féna dtodhchaí."

Chun cead pleanála a fháil chun tigh a thógaint fén dtuath, caithfidh na hiarratasóirí a bheith i gceann den dá Chatagóir seo:

> **Catagóir a 1**: "Ball de theaghlach feirmeoireachta atá ag feirmeoireacht go gníomhach ar ghabhháltas an teaghlaigh."
>
> **Catagóir a 2**: "Ball de theaghlach feirmeoireachta gur mhaith leo maireachtaint ar ghabhháltas an teaghlaigh."

**Iarratasóirí i gCatagóir a 1**: Ball de theaghlach feirmeoireachta atá ag feirmeoireacht go gníomhach ar ghabhháltas an teaghlaigh. Caithfidh an t-iarratasóir fíor-ghá a léiriú go mairfidís sa cheantar de bharr pháirtíocht díreach gníomhach sa bhfeirmeoireacht ar fheirm an teaghlaigh. Caithfidh an fheirm a bheith i n-úinéireacht mhuintir dílis an iarratasóra le deich mbliana anuas ar a laghad roimh dháta an iarratais ar chead pleanála.

Sna Ceantracha fé Thionchar Láidir na Cathrach, caithfidh na rudaí seo leanas a bheith fíor i dtaobh Iarratasóirí i gCatagóir a 1: gur daoine iad atá ag obair go lán-aimseartha sa talmhaíocht (trádáil sa stoc folaíochta nó sa ghairneoireacht san áireamh), go dteastaíonn uathu tigh cónaithe a thógaint sa cheantar tuaithe ar ghabhháltas a muintire, agus gur féidir leo a léiriú le fianaise cáipéisíochta go bhfuilid ag obair sa bhfeirmeoireacht san áit sin le tréimhse de bhreis is seacht mbliana gan briseadh, sara ndéanfaidís an t-iarratas. Caithfidh gabhháltas an teaghlaigh a bheith os cionn 25 acra ins gach cás, agus caithfidh an gabhháltas ar fad a bheith i n-úinéireacht eisiach an teaghlaigh le deich mbliana anuas ar a laghad.

Sna Ceantracha Láidre fén dTuath, caithfidh Iarratasóirí i gCatagóir a 1 a bheith ag obair go lán-aimseartha sa talmhaíocht (trádáil sa stoc folaíochta nó sa ghairneoireacht san áireamh), go dteastaíonn uathu a dtigh cónaithe a thógaint sa cheantar tuaithe ar ghabháltas a muintire, agus gur féidir leo a léiriú le fianaise cáipéisíochta go bhfuilid ag obair sa bhfeirmeoireacht san áit sin le tréimhse de bhreis is cúig bliana gan briseadh, sara ndéanfaidís an t-iarratas. Caithfidh gabháltas an teaghlaigh a bheith os cionn 25 acra ins gach cás, agus caithfidh an gabháltas ar fad a bheith i n-úinéireacht eisiach an teaghlaigh le deich mbliana anuas ar a laghad.

**Iarratasóirí i gCatagóir a 2:** Ball de theaghlach feirmeoireachta gur mhaith leo maireachtaint ar ghabháltas an teaghlaigh. Caithfidh an t-iarratasóir fíor-ghá a léiriú go mairfidís ar ghabháltas an teaghlaigh de bharr nascanna lena muintir dhílis.

Sna Ceantracha fén dTuath fé Thionchar Láidir na Cathrach, caithfidh na hiarratasóirí i gCatagóir a 2 na coinníollacha so leanas a chomhlíonadh:

(i) "Daoine a d'fhás suas agus a chaith cuid substaintiúil dá saol (10 mbliana) ag maireachtaint fén dtuath i gContae na Mí mar bhaill de phobal na tuaithe, agus go dteastaíonn uathu tigh cónaithe a thógaint don gcéad uair ar ghabháltas bunaidh a muintire, a bheidh ins gach cás os cionn 25 acra, agus an gabháltas ar fad i n-úinéireacht eisiach an teaghlaigh le deich mbliana anuas ar a laghad.

(ii) Daoine a d'fhág an ceantar atá anois ag filleadh air chun tigh cónaithe a thógaint ar fheirm a dteaghlaigh, a d'fhás suas agus a chaith cuid substaintiúil dá saol (10 mbliana) ar ghabháltas bunaidh a muintire, a bheidh ins gach cás os cionn 25 acra, agus an gabháltas ar fad i n-úinéireacht eisiach an teaghlaigh le deich mbliana anuas ar a laghad.

(iii) Daoine a fhéadfadh a léiriú chun sástacht Údarás na Pleanála, le fianaise cáipéisíochta, go bhfuil gnó fén dtuath acu a chloíonn le rialacha na pleanála, atá bunaithe agus ag feidhmiú le cúig bliana anuas ar a laghad."

Sna Ceantracha Láidre fén dTuath, caithidh na hiarratasóirí i gCatagóir a 2 na coinníollacha so leanas a chomhlíonadh:

(i) "Daoine a d'fhás suas agus a chaith cuid substaintiúil dá saol (10 mbliana) ag maireachtaint fén dtuath i gContae na Mí mar bhaill de phobal na tuaithe, agus go dteastaíonn uathu tigh cónaithe a thógaint don gcéad uair sa cheantar tuaithe ar

ghabháltas bunaidh a muintire, agus atá ina gcónaí sa cheantar fé láthair. Sa chás ná beadh aon talamh ar fáil i ngabháltas a muintire chuige, d'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar shuíomh eile fé bhun 5 km ó thigh bunaidh a muintire.

(ii) Daoine a d'fhág an ceantar atá anois ag filleadh air chun tigh cónaithe a thógaint, a d'fhás suas agus a chaith cuid substaintiúil dá saol (10 mbliana) ag maireachtaint fén dtuath i gContae na Mí, mar bhaill de phobal na tuaithe, a d'fhág an ceantar ach gur mhaith leo anois filleadh air chun cónaí go gairid dá muintir dílis, nó chun aire a thabhairt dóibh, gur mhaith leo tigh a thógaint ar ghabháltas a muintire nó ar shuíomh fé bhun 5 km ó thigh bunaidh a muintire.

(iii) Daoine a fhéadfadh a léiriú chun sástacht Údarás na Pleanála, le fianaise cáipéisíochta, go bhfuil gnó fén dtuath acu a chloíonn le rialacha na pleanála, atá bunaithe agus ag feidhmiú le cúig bliana anuas ar a laghad."

***Nódanna na Tuaithe***

Is istigh i ngréasán fairsing nódanna na tuaithe a déanfar riar ar riachtanaisí tithíochta na ndaoine gur baill den bparóiste tuaithe iad, ach nach cuid de phobal na feirmeoireachta nó na gairneoireachta mar a leagtar síos i Mír 9.3 iad.

Sé atá i gceist le formhór nódanna na tuaithe ná ceantracha tuaithe gan seirbhísí le infreastruchtúr teoranta sóisialta agus pobail. Limistéirí is ea nódanna na tuaithe atá curtha ar leataoibh d'fhorbairtí teoranta ar scála inbhuanaithe do riachtanaisí na háite ag an am trí chnuasaigh de thithe a fhorbairt. Bheadh sé i gceist leo go mbeadh gach nód tuaithe ábalta freastal ar mhéadú beag ina dhaonra le linn thréimhse an Phlean anuas ar leibhéal an daonra atá ann fé láthair.

Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht d'fhorbairtí chun na beárnaí idir fhorbairtí eile a líonadh ar shuíomhanna oiriúnacha i nódanna na tuaithe a bhaineann an úsáid is inbhuanaithe as an dtalamh leis na seirbhísí agus leis an infreastruchtúr poiblí atá ann cheana féin. Cothóidh an Chomhairle chomh maith traidisiún na gclochán, de thithe a bheadh gairid dá chéile i n-aon chnuasach amháin, i gcomhthéacs na linne.

Tá an méid seo leanas le fáil fé Pholasaí RUR Uimhir a 15:

"Chun féachaint chuige go dteorannófaí soláthar na tithíochta i nódanna na tuaithe go léir dóibh siúd gur **dlúth-chuid den bpobal tuaithe** iad. Ins gach cás, deimhneoidh na

hiarratasóirí chun sástacht Údarás na Pleanála go bhfuilid ag maireachtaint fén dtuath le 5 bliana anuas ar a laghad. Beidh an nód fé bhun 12 km ón áit ina bhfuilid ina gcónaí ag an am. Cuirfear fianaise shonraitheach cháipéisíochta isteach chun tacú lena leithéidí sin d'iarratasóirí, mar seo a leanas ..."

Ar liosta nódanna na tuaithe, tá *Baile Órthaí*, atá gairid do Bhaile Ghib i nGaeltacht na Mí.

***An Ghaeltacht***

Fé Mhír 9.2 den ndréacht de Phlean Forbartha Chontae na Mí, leagtar amach an polasaí maidir leis an dá cheantar beag Gaeltachta atá sa chontae, Baile Ghib agus Ráth Chairn, agus tugtar achoimre ar an stair neamhghnách atá acu. Aistríodh 122 teaghlach (767 duine) ó cheantracha plúdaithe sa Ghaillimh, i Maigh Eo, i gCiarraí, agus i gCorcaigh, agus socraíodh síos iad i gcúig cinn de bhailte fearainn i gContae na Mí idir 1935 agus 1940. Fé mar a deirtear sa Phlean Forbartha, bhí daonra de 1,857 ag an dá áit i dteannta a chéile i nDaonáireamh 2016; méadú 10.6% ab ea é sin ar an bhfigiúir a bhí i nDaonáireamh 2006.[8]

Leagtar síos roinnt cuspóirí polasaí sa dréacht den bPlean Forbartha maidir leis an dtithíocht sa Ghaeltacht, go bhfuil sé mar aidhm acu cultúir na háite a chothú. Deirtear an méid seo leanas fé Chuspóir Polasaí Uimhir RUR 43:

> "Go n-éileofaí go ndéanfadh duine ábalta "**Staidéar ar Thionchar Teangan"**, a bheadh le cur isteach le gach iarratas pleanála ins gach cás do na forbairtí de tithíocht cónaithe mar seo leanas laistigh don nGaeltacht sara ndéanfaí measúnú ar an iarratas:
>
> - il-aonaid chónaitheacha;
> - tithe cónaithe sa nód tuaithe Baile Órthaí; agus
> - tithe cónaithe i gceantracha oscailte fén dtuath.
>
> Ba cheart go soiléireodh an staidéar céanna, trí thagairt a dhéanamh de chúlra teangeolaíochta na ndaoine a bheadh ina gcónaí sa tigh, go mbeadh dea-thionchar ag an bhforbairt ar chothú agus ar úsáid na Gaeilge mar theanga an phobail, agus go gcabhródh sé le caomhnú charachtaer na Gaeltachta. Beidh eolas dóthaineach tacaíochta leis an staidéar chun a léiriú an tslí a chosnódh agus a fheabhsódh forbairt an iarratais oidhreacht speisialta teangan agus cultúrtha na Gaeltachta. Cuirfear agallamh

[8] Do réir Daonáireamh 2016, bhí an céatadán den ndaonra gur cainteoirí laethúla Gaeilge iad díreach fé bhun 16%.

> ar an té a bheadh le beith ina chónaí sa tigh mar chuid den measúnú teangan; déanfaidh an tÚdarás Áitiúil áisitheoireacht ar an agallamh."

I nImleabhar a 2 den ndréacht de Phlean Forbartha Chontae na Mí, leagtar amach an polasaí maidir le forbairtí tithe aonair istigh i mBaile Ghib agus i Ráth Chairn. Sé seo leanas "*an fhís*" do Bhaile Ghib:

> "Chun oidhreacht teangan agus cultúrtha Ghaeltacht Bhaile Ghib a chothú, agus chun deifnidiú a dhéanamh ar an leagan amach fisiciúil agus ar an dtuiscint atá ag an bpobal ar a n-áit féin trí dhlúthú agus neartú lár cónaitheach agus trádálach an bhaile, ag tógaint ar oidhreacht fisiciúil Diméin Bhaile Ghib, as a nglaotar an ainm ar an mbaile, i slí a chuirfeadh lena thréithe speisialta teangan agus cultúir, faid is a freastlófar chomh maith ar na forbairtí a cheadódh do Bhaile Ghib forbairt i slí inbhuanaithe, mar áit mheálltach chun maireachtaint ann, chun oibriú ann, chun am a chaitheamh ann, nó chun dul ar cuairt ann, i slí a léireodh na tréithe speisialta atá aige mar Ghaeltacht."

Tugann an dréacht den bPlean Forbartha tacaíocht d'fhorbairtí a líonfadh isteach na beárnaí sna ceantracha cónaithe, do chríochnú an eastát atá leath-thógtha ann anois, agus d'ath-chóiriú fhoirgintí stairiúla na feirme ar an dtaobh thoir theas don sráidbhaile, ar mhaithe leis an dturasóireacht. Beidh sé de riachtanas ar dhaoine a thiocfadh chun cónaí go nua ann go ndlúthóidís iad féin isteach i gcultúir Gaelach na háite, chun cosaint a thabhairt do theanga is do chultúr an cheantair. Riachtanas de chuid na Comhairle a bheidh ann go ndéanfaí *"Staidéar ar Thionchar Teangan*" sara ndéanfaí measúnú ar aon iarratas ar thithíocht cónaithe sa cheantar (tithe aonair nó grúpaí de thithe). (Tá a thuilleadh eolais anso thíos.)

Dírítear ar Ráth Chairn ar an gcuma chéanna i nImleabhar a 2 den ndréacht den bPlean Forbartha. Sa chás san, taobhaíonn an Plean le forbairtí cónaitheacha ar dhlús íseal i gcnuasaigh taobh le croí an tsráidbhaile. Tá sé seo amhlaidh chun roghanna inbhuanaithe a chur ar fáil i n-ionad na dtithe aonair, agus chun nádúir na tuaithe a chaomhnú sa cheantar. Éileófar go mbeadh dearthóireacht na dtithe cónaithe oiriúnach don gceantar, agus go dtabharfaí san áireamh an traidisiún d'fhoirmeacha tógála a bhaineann leis an nGaeltacht. Foirm shimplí de bhinnteacha agus d'fhallaí parailéalacha a bheadh oiriúnach mar thigh cónaithe. Moltar go mbeadh cosáin nua ann mar chuid d'aon fhorbairt a cheanglódh an limistéir nua cónaithe le croí an tsráidbhaile. Mar a deirtear chomh maith i nImleabhar a 2 den ndréacht den bPlean Forbartha, "Tá carachtaer na Gaeltachta so caomhnaithe, a bheag

nó a mhór, de bharr é a bheith fén dtuath, de bharr mhéid an daonra, agus de bharr fhorbairt na fostaíochta agus tionscnaíochtaí pobail a thugann cosaint agus cothú do theanga agus do chultúr Gaelach na dúthaí. Is aith-threisiú ar an gcarachtaer so an fhorbairt a deineadh le déanaí ar pháirc an bhaile."

Beidh sé ina riachtanas ag an gComhairle go ndéanfaí "*Staidéar ar Thionchar Teangan*" sara ndéanfaí measúnú ar aon iarratas ar thithíocht i Ráth Chairn.

### Dlí Aontas na hEorpa agus a Thionchar ar Pholasaithe na hÉireann

Is mó slí ina bhfuil tionchar ag dlí Aontas na hEorpa ar phleanáil úsáid na talún i nÉirinn, ina measc, ag treoracha maidir le measúnú timpeallachta ar phleananna agus ar chláracha agus ar thionscnaimhí, agus ina theannta san, ag dlí na gcás. Nuair a dhein Cúirt Bhreithiúntais Aontas na hEorpa (CBAE) a chinneadh sna cásanna nasctha *Libert agus Daoine Eile v. Rialtas na bPléimeannach agus Daoine Eile (C-197/11 agus C-203/11, breithiúntas ar 8 Bealtaine 2013)*, d'árdaigh sé imní i nÉirinn gurb amhlaidh a bheadh dlí Aontas na hEorpa á shárú ag polasaí pleanála na hÉireann i leith tithíocht na tuaithe mar atá sé fé láthair, go háirithe mar a leagtar síos é sna *Treoirlínte d'Údaráis na Pleanála fén dTithíocht Inbhuanaithe fén dTuath*.

Bhí roinnt cheisteanna i gcás an CBAE; an ceann is mó acu a bhaineann le polasaí pleanála na hÉireann ná an riachtanas i ndlí pleanála Fhlóndrais ("*Leabhar a 5 d'Fhorógra Fhlóndrais"*) go gcaithfeadh "*ceangailt dóthaineach*" a bheith ag duine leis an bpobal, i gcás phobail áirithe i bhFlóndras, dá mbeadh an duine sin ag d'iarraidh gabháltas a cheannach nó a thógaint ar léas faid-téarmach sa phobal san.

Sé an cur síos a deineadh i ndlí Fhlóndras ar "*cheangailt dóthaineach leis an gcomún*" ná go mbeadh an duine i dteideal an gabháltas a cheannach nó a thógaint ar léas dá gcomhlíonfaidís ceann ar a laghad de na coinníollacha so leanas:

- Go mbeadh an duine ina chónaí sa chomún a bheadh i gceist, nó i gceann de na comúin taobh leis, le sé bliana anuas ar a laghad gan briseadh;
- Go mbeadh gníomhaíochtaí ar siúl go rialta ag an nduine istigh sa chomún ar an ndáta a aistreofaí an gabháltas, faid is a mhairfeadh na gníomhaíochtaí sin ar an meán leath sheachtain oibre ar a laghad;
- Go mbeadh ceangailt phroifisiúnta, shóisialta, eacnamúil, nó ceangailt trína mhuintir ag an nduine leis an gcomún mar bharr ar chúinsí substaintiúla faid-téarmacha.

An chúis a bhí leis an dteora so ná riar ceart a dhéanamh ar riachtanaisí tithíochta mhuintir na háite i gcomúin áirithe i bhFlóndras mar a raibh "*uaisliú*" nó "*gentrification*" ag tárlú de dheascaibh phraghsanna árda ar an dtalamh, sa tslí is go raibh daoine gan gustal coimeádta amach as margadh na ngabháltaisí, toisc go raibh daoine ó cheantracha eile go raibh breis airgid acu ag teacht isteach ann.

Sé dúirt an CBAE:

> "D'fhéadfaí bearta náisiúnta a cheadú, i n-ainneoin is go bhféadfaidís bac a chur ar úsáid a bhaint as cuid de na saoirsí fuaimintiúla atá fé bharántas i gConradh CFAE[9], nó a fhágaint ná beadh sé chomh saoráideach céanna úsáid a bhaint astu, más amhlaidh a dhíríonn siad ar **chuspóir atá le leas ginearálta an phobail**, agus go bhfuilid oiriúnach chun an chuspóir sin a bhaint amach, agus **ná téann siad thairis an méid is gá** chun an chuspóir sin a bhaint amach."

Sa chás ar leithrigh seo, áfach, *(C-197/11 agus C-203/11)*, do rialaigh an Chúirt go gcuaigh na forálacha a bhí i gceist thairis an méid ba ghá chun an chuspóir a bhí ag na hÚdaráis a bhaint amach, agus bheartaíodar go gcuireann Altanna 21 CFAE, 45 CFAE, 49 CFAE, 56 CFAE, agus 63 CFAE, agus Altanna 22 agus 24 de Threoir 2004/38[10] bac ar reachtaíocht, ar nós Leabhar a 5 d'Fhorógra Fhlóndrais, a chuirfeadh aistriú gabháltaisí do-bhogtha sna comúin a bhí i gceist fé choinníoll go ndeimhneodh coiste measúnachta ag leibhéal na cúige go raibh "ceangailt dóthaineach" ag an té a cheannódh an gabháltas nó a thógfadh ar léas é leis an gcomún.

Sa chomhthéacs so, is fiú a thabhairt fé ndeara go bhfoilsigh Coiste Athleasú an Dlí de Chumann Dlí na hÉireann páipéar fén gceist seo sa bhliain 2005[11], agus tagann conclúidí an pháipéir sin le breithiúntas an CBAE sa bhliain 2013. Tar éis bhreithiúntas an CBAE, d'fhoilsigh *Seirbhís Leabharlainne agus Taighde an Oireachtais* páipéar eolais sa bhliain 2017 ar an ábhar céanna, *Dlí Aontas na hEorpa agus Riachtanaisí fé Chónaí sa Cheantar Áitiúil do Chead Pleanála*. San aiste sin, deineadh scrúdú ar ábhar an aiste ó Chumann na Dlí sa bhliain 2005, agus ar an gcás Libert/Flóndras ón CBAE, agus luadh ann gur dóichí go measúnófaí go sáraíonn rialacha leatroma a bhaineann le ceangail ghaoil le ceantar áitiúil dlí Aontas na hEorpa, ón uair gurbh fhéidir de ghnáth na cuspóirí atá i gceist leis na rialacha san (ar nós caomhnú charachtaer na tuaithe sa cheantar) a bhaint amach gan a leithéid de leatrom. Ach d'fhéadfadh sé a bheith go nglacfaí le bearta a dhéanfaí chun teanga áitiúil a chothú, faid is a cuirfí i bhfeidhm i slí neamh-leatromach iad.

Sa bhliain 2019, ag caint dó sa tSeanad, do dhein an tUasal Doyle, an tAire Stáit ag an am i Roinn na Talmhaíochta, an Bhídh, agus na Mara, cur síos ar an staid ina raibh cúrsaí:

[9] CFAE – Conradh fé Fheidhmiúchán Aontas na hEorpa
[10] Treoir 2004/38 ar chearta shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh chun aistriú agus cur fúthu go saordha laistigh de chriochaibh na mBallstát.
[11] Discriminatory Planning Conditions: The Case for Reform, 2005

> "Sa bhliain 2007, d'eisigh Coimisiún Aontas na hEorpa fógra ar shárú an dlí i gcoinnibh na hÉireann bunaithe ar na treoirlínte ón mbliain 2005, a bhain go sainiúil leis na critéirí fé 'riachtanaisí átiúla', maidir le coimhlint a fhéadfadh a bheith acu le prionsabal shaoirse na gluaiseachta i gConradh Aontas na hEorpa. Cuireadh siar an cás úd fé shárú an dlí, ag brath ar an dtoradh a bheadh ar chás eile a bhain leis an gceist i gCúirt Bhreithiúntais Aontas na hEorpa i gcoinnibh na Beilge. Sa bhliain 2013, do rialaigh an CBAE gur srian gan bunús cóir é forógra na bPléimeannach ar shaoirse na gluaiseachta fé Chonradh Aontas na hEorpa. Tar éis an bhreithiúntais sin, d'oscail Coimisiún Aontas na hEorpa i n-athuair an cás fé shárú an dlí i gcoinnibh na hÉireann maidir leis na treoirlínte fé thithíocht na tuaithe."

Do thug an tAire Doyle le tuiscint go ndéanfadh grúpa oibre aithbhreithniú ar na Treoirlínte agus go leasófaí iad.[12] Go dtí so, níl aon tsonraí eile foilsithe ag an Roinn. Dealraíonn sé go gcaithfí leasuithe substaintiúla a dhéanamh ar na Treoirlínte chun féachaint chuige go dtagann siad le Dlí Aontas na hEorpa.

[12] Beidh gá le comhairliúchán poiblí sara dtabharfaí chun críche aon Treoirlínte leasuithe – KK.

## Conclúid

Tá méadú i gcónaí ag teacht ar an gcuma atá polasaí náisiúnta na pleanála dírithe ar chomhdhlúthú lonnaíochtaí urbacha, agus géarú ar an bhforbairt laistigh dena leithéid de lonnaíochtaí. Sé an chuspóir atá leis seo ná stop a chur lena thuilleadh de straoilleadh na gcathrach agus na mbailte móra ar fuaid na tíre, ach go háirithe sna réigiúin gairid go leor do na cathracha móra go bhféadfaí taisteal isteach is amach iontu chun na hoibre. Nuair a tugtar san áireamh an feabhas atá ar ghréasán náisiúnta na mbóithre, tá codanna ana-shubstaintiúla den dtír i gceist sna réigiúin sin. (D'fhéadfadh sé a bheith go dtiocfadh athrú ar an gcur chuige seo sna polasaithe de dheascaibh an éigeandáil atá sa tsláinte phoiblí fé láthair, ach ní dócha é más féidir an éigeandáil a thabhairt chun críche sara fada agus go bhfillfí ar na gnáth-phátrúin san obair agus sa taisteal.)

I n-aon chás, aithnítear chomh maith sa pholasaí náisiúnta go bhfuil gá leis an dtithíocht amuigh fén dtuath, ag brath ar an gcás, agus leagtar amach é seo i gCreatlach Náisiúnta na Pleanála (CNP) ón mbliain 2018. Tháinig na *Treoirlínte d'Údaráis na Pleanála fén dTithíocht Inbhuanaithe fén dTuath* amach sa bhliain 2005, breis is deich mbliana roimis an CNP, agus iarracht ab ea na Treoirlínte céanna freastal a dhéanamh ar an ngá le tithíocht fén dtuath, faid is a theorannófaí a leithéid de thithíocht do na daoine go raibh gá eacnamaíochta nó gá sóisialta acu leis, ach amháin sna ceantracha a bheadh "lag go struchtúrtha", agus moladh gur beag na srianta a chuirfí i bhfeidhm ina leithéid de cheantracha. Do leag na *Treoirlínte* amach go speisialta modheolaíocht chun an tír a roinnt ar shórtanna éagsúla de cheantracha, ach ina theannta san, chun na hiarrthóirí a chur isteach i gcatagóirí difriúla ar mhaithe le cead pleanála a dheonú ar thithe fén dtuath. Go ginearálta, bunaíodh é seo ar mheasúnú ar an nduine aonair ag lorg cead pleanála, maidir leis an ngá eacnamaíochta nó feidhmíochta a bhí acu chun maireachtaint i n-áit ar leith, nó maidir lena gceangal gaoil leis an áit. Bhí leibhéil éagsúla déine sa tástáil seo, bunaithe ar an áit féin agus cé chomh gairid is a bheadh sé don gcathair, nó ar neart eacnamaíocht na háite. Tá sé seo le feiscint go soiléir sa difríocht idir an cur chuige i gContae Mhaigh Eo, mar shampla, is an cur chuige i gContae na Mí.

Chuir údaráis na pleanála go léir forálacha *Threoirlínte* 2005 i bhfeidhm ina bpleananna forbartha don dtuath, agus tá siad i bhfeidhm ó shin. Tá comhsheasmhacht go ginearálta sa tslí a cuirtear i bhfeidhm iad ó chomhairle contae go céile, cé gur déine an cur chuige sna comhairlí sin is giorra do chathracha móra, ar nós codanna de Chontae Chorcaí nó de

Chontae na Gaillimhe, seachas na contaeithe eile ná fuil ceantracha móra forbartha urbacha acu.

Fachtóir tábhachtach don am atá romhainn é go dtugadh coincheap an *Chroí-Straitéis* isteach sa phleanáil i nÉirinn, agus dá réir, caithfidh an polasaí a bheith bunaithe ar an bhfianaise. Tugann sé sin coincheap eile leis, *An Mheasúnacht ar Éileamh Riachtanaisí Tithíochta*, agus is dócha go mbeidh tionchar aige sin ar an bpolasaí san am atá romhainn, sa mhéid is go méadófaí an chuma a mheaitseálfaí soláthar na dtithe nua leis an bhfíor-ghá a bheadh leo.

Sna *Treoirlínte d'Údaráis na Pleanála fén dTithíocht Inbhuanaithe fén dTuath*, leagtar an bhéim is mó ar fhreastal ar riachtanaisí na ndaoine le ceangal acu leis an gceantar áitiúil. Ach i gcás *Libert*, chuir Cúirt Bhreithiúntais Aontas na hEorpa deireadh le forálacha sa bhFlóndras a bhí ana-chosúil leis an bhforáil sin i nÉirinn – cé ná rabhadar cruinn díreach mar a chéile – ar an mbonn go sáraíonn siad ladhar forálacha i gconraí agus i dteoracha Aontas na hEorpa. I gcás ábharach eile, tá Coimisiún na hEorpa tar éis cás fé shárú an dlí a thosnú i gcoinnibh na hÉireann maidir leis na *Treoirlínte d'Údaráis na Pleanála fén dTithíocht Inbhuanaithe fén dTuath*, toisc go dtugann na *Treoirlínte* tús áite i gceantracha fén dtuath do riachtanaisí tithíochta na ndaoine go bhfuil ceangal cheana acu leis an gceantar áirithe a bheadh i gceist, agus go ndeineann siad leatrom dá réir ar dhaoine gan a leithéid de cheangal. Dealraíonn sé go ndéanfar leasaithe áirithe dá réir ar na *Treoirlínte d'Údaráis na Pleanála fén dTithíocht Inbhuanaithe fén dTuath*.

Mar a luaitear i bPlean Forbartha Chontae Chorcaí, is caidreamh casta coimpléacsach é an caidreamh idir an fhorbairt ar thaobh amháin agus teanga agus cultúir na hÉireann ar an dtaobh eile, nach féidir deighleáil leis le bearta a bheadh ró-shimplí. Deirtear ina dhiaidh sin i bPlean Forbartha Chontae Chorcaí go bhfuil tionchar substaintiúil ag cumhachtaí na pleanála ar chosaint agus ar chothú an chultúir, cé gur tionchar indíreach teoranta é. Sa chomhthéacs so, caithfear an laghdú i labhairt na Gaelainne sa Ghaeltacht a chur i leith cnuasach casta fachtóirí, mar a léirítear, mar shampla, sa *Tuarascáil ar Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011*. D'fhéadfadh ról a bheith ag polasaí na pleanála, ach caithfear a aithint gurb é cumhacht ollmhór eacnamúil agus sóisialta an Bhéarla an fachtóir is mó acu go léir.

Insna pleananna forbartha do na húdaráis áitiúila ins gach contae ina bhfuil ceantar Gaeltachta, deintear iarracht an Ghaeltacht a chaomhnú, agus bíonn forálacha áirithe ann go bhfuil sé de chuspóir acu coibhneas dóthaineach de chainteoirí na Gaelainne a choimeád i n-aon fhorbairt nua de thithe cónaithe, mar shampla, trí theorainn a chur le coibhneas na ndaoine ná labhrann an Ghaelainn i n-aon fhorbairt ar leith. Ach sé nádúr na gcuspóirí agus na n-uaillmhian atá ag cuid mhaith de pholasaithe na n-údarás áitiúil, agus d'fhéadfaí an cás a dhéanamh ná dírítear iontu go beacht ar chaomhnú phobail labhartha na Gaelainne, gan trácht ar a bheith á méadú.[13] Dealraíonn sé ná fuil ach tionchar teoranta ag polasaithe na pleanála fé mar atá sé ar chosaint na teangan pé scéal é. Ní soiléir an fachtóir mór é i meath na teangan nó nach ea, agus níor mhór tacaíocht na fianaise a bheith ag aon argóint ina leith.

Sa mhéid is gur féidir le polasaí na lonnaíochtaí a chion a dhéanamh i gcaomhnú na teangan san am atá romhainn, dealraíonn sé go bhfuil deiseanna ann i n-aon aithbhreithniú a dhéanfaí ar na polasaithe náisiúnta fé thithíocht na tuaithe chun cur chuige fócasálta a thabhairt do cheist lonnaíochtaí na Gaeltachta. Ach chuige sin, theastódh aon-toil mhuintir na Gaeltachta féin, agus chaithfeadh leatrom dearfach a bheith ann ar chuma éigint i bhfábhar na ndaoine a mhaireann go háitiuil agus a labhrann an Ghaelainn. Chaithfí a leithéid de pholasaí a chur le chéile go cáiréiseach, chun féachaint chuige ná sáródh sé dlí Aontas na hEorpa. Dealraíonn sé ó bhreithiúntas an CBAE i gCás Libert, agus ó oipiniún Chumann na Dlí ón mbliain 2005, go bhféadfadh polasaí leatromach coibhneasta a cheadú, ag tabhairt san áireamh an meath drámatúil atá ag teacht sa Ghaeltacht féin ar an nGaelainn, teanga oifigiúil oibre de chuid Aontas na hEorpa, agus líon measartha beag na ndaoine a bheadh i gceist. D'fhéadfaí an scóp a choimeád go cúng go pragmatúil, agus díriú ar na ceantracha inar féidir a aithint go raibh seans go dtiocfadh an teanga slán. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an gcatagóiriú atá ann cheana de na Gaeltachtaí i bhfo-ranna "*A, B, C*" don gcur chuige tosaigh. Dealraionn sé go bhfuil comhréim soiléir idir phleanáil na tithíochta agus pleanáil na teangan, agus pleanáil na teangan ar siúl go rábach cheana. Thárlódh sé go mbeadh cur chuige difriúil i n-áiteanna difriúla sa Ghaeltacht; is dócha nach ionann an brú a bheadh i Múscraí agus na fadhbanna a bheadh i gceantracha tithíocht na mbruachbhailte i nGaeltacht na Gaillimhe.

[13] Ceann de na samplaí is rathúla ná Contae Phort Láirge, mar a bhfuil Gaeltacht bheag bhídeach na Rinne, agus dealraíonn sé go bhfuil ag éirí go maith leis an bpobal san mar phobal bríomhar ar leithrigh. D'fhéadfadh fachtóirí áitiúla a bheith i gceist sa Rinn, ná féadfaí a chóipeáil go saoráideach i n-áiteanna eile, ach ba cheart a thuilleadh machnamh a dhéanamh ar an gceantar.

Mar a luaitear anso thuas, leagtar síos polasaí sa CNP chun "*Tacaíocht [a thabhairt do] chur chun feidhme pleananna teanga i Limistéir Phleanála Teanga Gaeltachta, Baile Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí don Ghaeilge".* Ach is léir go bhfuil gá le fianaise mar bhonn le haon pholasaí nua, agus luaitear sa CNP, má cuirtear figiúirí, bunaithe ar an bhfianaise, ar an riachtanas atá le tithe aonair, go gcabhróidh sé sin le ullmhúchán straitéis uileghabhálach don dtithíocht agus le ullmhúchán polasaithe ábharacha eile fé úsáid na talún. Tar éis a leithéid d'fhianaise a chnuasach, bheadh gá le comhairleoireacht le Roinn na Tithíochta, na Pleanála, agus na Rialtaisí Áitiúla, leis na húdaráis áitiúla, agus le muintir na Gaeltachta féin.

____________________________

Karl Kent

22 Meán Fhómhair 2020